



AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA

AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 26 Aibreán 2024
(OR. en)

2016/0222(COD)

PE-CONS 69/23

ASILE 119
CODEC 2256

GNÍOMHARTHA REACTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh (athmhúnlú)

TREOIR (AE) 2024/...
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh
(athmhúnlú)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 78(2)(f),
de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach³,

¹ IO C 75, 10.3.2017, lch. 97.

² IO C 207, 30.6.2017, lch. 67.

³ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)
agus cinneadh ón gComhairle an

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá roinnt leasuithe le déanamh ar Threoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Treoir sin a athmhúnlú.
- (2) Tá comhbheartas maidir le tearmann atá bunaithe ar chur i bhfeidhm iomlán agus uileghabhálach Choinbhinsiún na Ginéive maidir le Stádas Dídeanaithe an 28 Iúil 1951, arna fhorlíonadh le Prótacal Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967 ('Coinbhinsiún na Ginéive'), ina chuid dhílis de chuspóir an Aontais limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú de réir a chéile atá oscailte do náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát a lorgaíonn cosaint san Aontas, agus leis an méid sin dearbhaítear prionsabal an *non-refoulement*. Ba cheart beartas den sórt sin a bheith rialaithe ag prionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta.
- (3) Leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn (CET), bunaítear córas chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, caighdeáin chomhchoiteanna le haghaidh nósanna imeachta tearmainn, dálaí agus nósanna imeachta glactha agus na cearta atá ag tairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta. D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta i bhforbairt CET, tá difríochtaí suntasacha fós idir na Ballstáit i ndáil leis na nósanna imeachta a úsáidtear, na dálaí glactha a thugtar d'iarratasóirí, na rátaí aitheantais agus an cineál cosanta a thugtar do thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta. Cúis mhór le gluaiseacht thánaisteach is ea na difríochtaí sin agus baineann siad an bonn den chuspóir go gcaitear le gach iarratasóir go cothrom cibé áit a ndéanann siad iarratas ar chosaint idirnáisiúnta san Aontas.

⁴ Treoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh (IO L 180, 29.6.2013, lch. 96).

- (4) I dteachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2016 dar teideal *Towards a Reform of the Common European Asylum System and Enhancing Legal Avenues to Europe* [I dtreo Athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus bealaí dlíthiúla chuig an Eoraip a fheabhsú], chuir an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil gá le CET a neartú agus a chomhchuibhiú tuilleadh. Leagadh amach inti freisin réimsí tosaíochta inar cheart CET a fheabhsú ó thaobh struchtúir de, eadhon córas inbhuanaithe agus cothrom a bhunú chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, córas Eurodac a threisiú, teacht le chéile níos fearr a bhaint amach i gcóras tearmainn an Aontais, cosc a chur le gluaiseachtaí tánaisteacha laistigh den Aontas agus sainordú feabhsaithe a thabhairt do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ ('an Ghníomhaireacht um Thearmann'). Leis an teachtaireacht sin, tugtar freagra ar iarrataí ón gComhairle Eorpach an 18-19 Feabhra 2016 agus an 17-18 Márta 2016 chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le creat reatha an Aontais a athchóiriú chun beartas tearmainn daonna, cothrom agus éifeachtúil a áirithiú. Moltar sa teachtaireacht sin freisin bealach chun cinn i gcomhréir leis an gcur chuige iomlánaíoch maidir leis an imirce a leag Parlaimint na hEorpa amach i rún uaithi an 12 Aibreán 2016 maidir leis an staid sa Mheánmhuir agus an gá atá le cur chuige iomlánaíoch de chuid an Aontais i leith na himirce.
- (5) Tá éagsúlachtaí móra fós idir na dálaí glactha atá i mBallstáit éagsúla go háirithe maidir leis na caighdeáin ghlactha a sholáthraítear d'iarratasóirí. Trí chaighdeáin ghlactha níos comhchuibhithe a leagan síos ar leibhéal leormhaith ar fud na mBallstát uile, rannchuideofar le cóir níos comhionainne agus le hiarratasóirí a dháileadh ar bhealach níos cothroime ar fud an Aontais.

⁵ Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 (IO L 468, 30.12.2021, lch. 1).

- (6) Ba cheart acmhainní an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶, agus na Gníomhaireachta um Thearmann a shlógadh chun tacaíocht leordhóthanach a sholáthar do na Ballstáit agus na caighdeáin ghlactha a leagtar amach sa Treoir seo á gcur chun feidhme acu, lena n-áirítear do na Ballstáit sin a bhfuil brú sonrach agus díréireach ar a gcórais tearmainn, arb ann don bhrú sin go háirithe i ngeall ar a staid gheografach nó dhéimeagrafach.
- (7) Chun cóir chomhionann a áirithiú maidir le hiarratasóirí ar fud an Aontais, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo le linn na gcéimeanna agus na gcineálacha nósanna imeachta ar fad le haghaidh na cosanta idirnáisiúnta, i ngach áit agus i ngach saoráid ina gcuirtear cóiríocht ar fáil d'iarratasóirí agus fad a bheidh cead acu fanacht ar chríoch na mBallstát mar iarratasóirí. Is gá a shoiléiriú gur cheart dálaí glactha ábharacha a bheith ar fáil do na hiarratasóirí ón uair a dhéanann siad a mian iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta a chur in iúl d'oifigigh na n-údarás inniúil i gcomhréir le Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷⁺.
- (8) I ngach cás, ba cheart liúntas speansas laethúil a sholáthar d'iarratasóirí mar chuid de na dálaí glactha ábharacha d'iarratasóirí chun go mbeidh íosleibhéal neamhspleáchais ag iarratasóirí ina saol laethúil. Ba cheart a bheith in ann an liúntas speansas laethúil a sholáthar mar shuim airgid, i bhfoirm dearbhán, i gcomhchineál, amhail i dtáirgí, nó mar theaghlaim díobh sin ar choinníoll go n-áirítear suim airgid i liúntas den sórt sin.

⁶ Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (IO L 251, 15.7.2021, lch. 1).

⁷ Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L, ..., ELI: ...).

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 16/24 (2016/0224A(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

- (9) I gcás ina bhfuil iarratasóir i láthair i mBallstát seachas an Ballstát ina gceanglaítear air nó uirthi a bheith i láthair i gcomhréir le Rialachán (AE) .../...ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸⁺, níor cheart an t-iarratasóir a bheith i dteideal dálaí glactha ábharacha, rochtain ar mhargadh an tsaothair, cúrsaí teanga nó gairmoiliúint i gcomhréir leis an Treoir seo ón uair a chuirtear in iúl don iarratasóir gur cinneadh é nó í a aistriú go dtí an Ballstát freagrach. Ach amháin i gcás inar eisíodh cinneadh ar leithligh chun na críche sin, ba cheart a lua sa chinneadh aistrithe gur tarraingíodh siar na dálaí glactha ábhartha. Sna himthosca uile, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag iarratasóirí ar chúram sláinte agus ar chaighdeán maireachtála atá i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), agus oibleagáidí idirnáisiúnta eile.
- (10) Maidir leis an gcaoi a ndéileáiltear le daoine a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, tá na Ballstáit faoi cheangal ag na hionstraimí dlí idirnáisiúnta ar páirtithe iontu iad.
- (11) Ba cheart dálaí caighdeánacha maidir le glacadh iarratasóirí a leagan síos, ar caighdeáin leordhóthanacha iad lena n-áirithítear caighdeán maireachtála leormhaith dóibh agus dálaí maireachtála inchomparáide sna Ballstáit uile. Le comhchuibhiú dálaí glactha d'iarratasóirí, ba cheart cabhrú le teorainn a chur le gluaiseachtaí tánaisteacha iarratasóirí atá faoi thionchar na ndálaí éagsúla maidir lena nglacadh.

⁸ Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (IO L, ..., ELI: ...).

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 21/24 (2020/0279(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

- (12) Chun a áirithiú go mbeidh iarratasóirí ar an eolas faoina gcearta agus a n-oibleagáidí, ba cheart do na Ballstáit faisnéis i scríbhinn, nó, i gcás inar gá, faisnéis ó bhéal, nó, i gcás inarb iomchuí, faisnéis i bhfoirm amhairc, a bhaineann leis na dálaí glactha a leagtar amach sa Treoir seo a sholáthar dóibh. Ba cheart faisnéis den sórt sin a sholáthar a luaithe is féidir, agus in am trátha, agus ba cheart a áireamh inti na dálaí glactha a bhfuil iarratasóirí, lena n-áirítear iarratasóirí ag a bhfuil riachtanais ghlaclach speisialta, ina dteideal, cearta agus oibleagáidí fostaíochta, na himthosca faoina bhféadfaí deonú dálaí glactha ábharacha a shrianadh do limistéar geografach nó a theorannú d'áit shonrach agus na hiarmhairtí a ghabhann le neamhchomhlíonadh srianta nó teorainneacha den sórt sin agus a ghabhann le héalú, chomh maith leis na cásanna inar féidir coinneáil a ordú, na féidearthachtaí maidir le hachomharc agus athbhreithniú a dhéanamh agus na féidearthachtaí maidir le cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil a sholáthar. Ba cheart do na Ballstáit, go háirithe, iarratasóirí a chur ar an eolas faoi na dálaí glactha nach bhfuil siad ina dteideal i mBallstát seachas an ceann sin ina bhfuil sé de cheangal orthu a bheith i láthair ann. Níor cheart oibleagáid a bheith ar Bhallstát a thuilleadh an fhaisnéis sin a sholáthar i gcás nach bhfuil gá léi a thuilleadh chun an t-iarratasóir a chumasú go héifeachtach chun tairbhe a bhaint as na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo agus chun na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa Treoir seo a chomhlíonadh, nó i gcás nach bhfuil an t-iarratasóir ar fáil do na húdaráis inniúla nó inar éalaigh sé nó sí ó chríoch an Bhallstáit sin. Ba cheart don Ghníomhaireacht um Thearmann teimpléad a fhorbairt ina mbeadh faisnéis chaighdeánach a bhaineann le dálaí glactha atá le soláthar ag na Ballstáit d'iarratasóirí a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 3 lá tar éis an t-iarratas a dhéanamh nó laistigh den tréimhse ama chun é a chlárú.

- (13) Trí rialacha comhchuibhithe de chuid an Aontais a bheith ann maidir leis na doiciméid atá le heisiúint d'iarratasóirí, ba cheart rannchuidiú lena dhéanamh níos deacra d'iarratasóirí gluaiseacht ar bhealach neamhúdaraithé laistigh den Aontas. Níor cheart é a bheith ar chumas na mBallstát doiciméad taistil a sholáthar d'iarratasóirí ach amháin i gcás ina dtagann cúiseanna tromchúiseacha daonnachtúla a bhfuil údar cuí leo nó cúiseanna práinneacha eile chun cinn. Ba cheart bailíocht na ndoiciméad taistil a theorannú don chuspóir dár eisíodh iad agus don fhad atá riachtanach don chúis ar eisíodh iad. D'fhéadfaí a mheas go bhfuil cúiseanna tromchúiseacha daonnachtúla tagtha chun cinn, mar shampla, i gcás ina mbíonn ar iarratasóir taisteal go dtí Stát eile le haghaidh cóir leighis riachtanach nach bhfuil ar fáil laistigh den Bhallstát ina bhfuil sé de cheangal ar an iarratasóir a bheith i láthair ann, chun cuairt a thabhairt ar ghaolta i gcásanna ar leith amhail cásanna ina bhfuil garghaolta go dona tinn nó chun bheith i láthair ag sochraidí garghaolta. D'fhéadfaí a áireamh ar chúiseanna práinneacha eile cásanna amhail freastal ar phóstaí garghaolta, nó taisteal mar chuid de churaclam staidéir nó in éineacht le teaghlaigh altrama. Ní dhéanann eisiúint agus úsáid doiciméid taistil den sórt sin difear do fhreagrachtaí na mBallstát faoi Rialachán (AE) .../...⁺. Coimeádann na Ballstáit an ceart measúnú a dhéanamh ar chearta iarratasóirí fanacht ar a gcríoch.
- (14) Níl an ceart ag iarratasóirí Ballstát an iarratais a roghnú. Tá iarratasóir le hiarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le Rialachán (AE) .../...⁺.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 21/24 (2020/0279(COD)).

- (15) Tá ceangal ar iarratasóirí leanúint de bheith ar fáil d'údaráis inniúla na mBallstát. Ba cheart bearta iomchuí a dhéanamh chun cosc a chur ar iarratasóirí éalú. I gcás inar éalaigh iarratasóir agus inar thaistil an t-iarratasóir sin go Ballstát eile gan chead, is den fhíor-riachtanas é, ar mhaithe le CET dea-fheidhmiúil a áirithiú, go ndéanfar an t-iarratasóir a aistriú go pras chuig an mBallstát ina gceanglaítear air nó uirthi a bheith i láthair. Go dtí go ndéantar an t-aistriú sin, tá riosca ann go bhféadfadh an t-iarratasóir éalú agus dá bhrí sin ba cheart dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an áit ina bhfuil sé nó sí.
- (16) Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar an riosca go n-éalódh an t-iarratasóir, is toisc thábhachtach é a chur san áireamh gur éalaigh an t-iarratasóir roimhe sin chuig Ballstát eile. Ba cheart do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun cosc a chur ar an iarratasóir éalú arís agus chun a áirithiú go leanann an t-iarratasóir de bheith ar fáil do na húdaráis inniúla, ón uair a aistrítear an t-iarratasóir chuig an mBallstát ina gceanglaítear air nó uirthi a bheith i láthair. Ba cheart, dá bhrí sin, leanúint de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar an áit ina bhfuil sé nó sí.
- (17) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a gcórais ghlactha a eagrú gan bhac. Mar chuid den eagrú sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cóiríocht laistigh dá gcríoch a shannadh d'iarratasóirí chun a gcórais tearmainn agus ghlactha a bhainistiú. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann freisin sásraí a chur ar bun chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais a gcóras glactha agus chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear sásraí chun láithreachacht iarbhír na n-iarratasóirí sa chóiríocht a fhíorú. Le sásraí den sórt sin, níor cheart srian a chur le saorghluaiseacht na n-iarratasóirí laistigh de chríoch an Bhallstáit lena mbaineann. Níor cheart ceangal a bheith ar na Ballstáit cinneadh riaracháin a dhéanamh chun na críche sin.

- (18) I gcás nach bhfuil iarratasóirí in ann gluaiseacht faoi shaoirse ach laistigh de limistéar geografach de chríoch na mBallstát, ba cheart do na Ballstáit rochtain éifeachtach na n-iarratasóirí ar a gcearta faoin Treoir seo agus ar na ráthaíochtaí nós imeachta atá sa nós imeachta maidir le cosaint idirnáisiúnta a ráthú laistigh den limistéar geografach sin. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar bhonn aonair, go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta ar an bhféidearthacht an limistéar geografach sin a fhágáil go sealadach. I gcás nár deonaíodh rochtain éifeachtach ar na cearta agus na ráthaíochtaí nós imeachta sin d'iarratasóirí sa limistéar geografach sin, níor cheart feidhm a bheith ag an sannadh don limistéar sin a thuilleadh.
- (19) Ar chúiseanna a bhaineann leis an mbeartas poiblí nó chun cosc éifeachtach a chur ar an iarratasóir éalú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a chinneadh nach bhfuil cead cónaithe ag an iarratasóir ach in áit shonrach amháin, amhail ionad cóiríochta, teach príobháideach, árasán, óstán nó áitreabh eile atá oiriúnaithe chun cóiríocht a chur ar fáil d'iarratasóirí. Níor cheart é a bheith mar thoradh ar chinneadh den sórt sin go ndéanfaí an t-iarratasóir a choinneáil. D'fhéadfadh cinneadh den sórt sin a bheith riachtanach i gcásanna nár chomhlíon an t-iarratasóir na hoibleagáidí maidir le fanacht sa Bhallstát ina bhfuil ceangal air nó uirthi a bheith i láthair, nó i gcásanna inar aistríodh an t-iarratasóir chuig an mBallstát ina bhfuil ceangal air nó uirthi a bheith i láthair tar éis dó nó di éalú go Ballstát eile. I gcás ina bhfuil an t-iarratasóir i dteideal dálaí glactha ábharacha, ba cheart dálaí glactha ábharacha den sórt sin a sholáthar ar choinníoll go bhfuil cónaí ar an iarratasóir san áit shonrach sin.

- (20) I gcás ina bhfuil riosca ann go bhféadfadh iarratasóir éalú nó i gcás ina bhfuil sé riachtanach a áirithiú go ndéantar srianta le saorghluaiseacht iarratasóra a urramú, d'fhéadfadh na Ballstáit a cheangal ar iarratasóirí tuairisciú do na húdaráis inniúla ag am sonraithe nó ag eatraimh réasúnta, gan difear díréireach a dhéanamh do chearta na n-iarratasóirí faoin Treoir seo.
- (21) Le gach cinneadh lena gcuirtear srian le saoirse gluaiseachta iarratasóra, ba cheart a chur san áireamh gnéithe ábhartha de staid ar leith an iarratasóra, lena n-áirítear riachtanais ghhlactha speisialta an iarratasóra sin, agus prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta. Ba cheart cinntí den sórt sin, na nósanna imeachta chun agóid a dhéanamh ina gcoinne agus na hiarmhairtí a ghabhann le neamhchomhlíonadh a chur in iúl go cuí do na hiarratasóirí.
- (22) Gach foráil faoin Treoir seo a bhaineann le coinneáil, cónaí agus oibleagáidí tuairiscithe chomh maith le laghdú agus tarraingt siar ceart nó sochar, ba cheart iad a chur i bhfeidhm agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na comhréireachta, ag áirithiú go mbeidh rochtain éifeachtach ann i gcónaí ar na dálaí glactha is infheidhme i gcomhréir leis an Treoir seo, go háirithe maidir le cúram sláinte, oideachas, aontacht teaghlaigh agus rochtain ar mhargadh an tsaothair. Tá aird ar leith le tabhairt ar an éifeacht chomhcheangail a d'fhéadfadh a bheith ag bearta.

- (23) I bhfianaise na n-iarmhairtí tromchúiseacha atá ann d'iarratasóirí a d'éalaigh nó a meastar go bhfuil an riosca ann go n-éalóidís, ba cheart an bhrí atá le héalú a shainmhíniú d'fhonn go gcuimseofaí leis gníomhaíocht d'aon toil agus an imthoisc fhíorasach, a bhfuil neart ag an iarratasóir uirthi, nach bhfuil sé nó sí ar fáil do na húdaráis inniúla riaracháin nó bhreithiúnacha, amhail trí imeacht ó chríoch an Bhallstáit ina gceanglaítear ar an iarratasóir a bheith i láthair. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a mheas gur éalaigh iarratasóir fiú murar measadh roimhe sin go raibh riosca ann go n-éalódh an t-iarratasóir.
- (24) I gcás ina sainmhíníonn na Ballstáit i ndlí náisiúnta na critéir oibiachtúla atá ábhartha chun an riosca éalaithe a shocrú faoin Treoir seo, d'fhéadfaidís breithniú a dhéanamh ar thosca amhail na tosca seo a leanas: comhoibriú an iarratasóra le húdaráis inniúla nó comhlíonadh na gceanglas nós imeachta; naisc an iarratasóra sa Bhallstát; agus cibé ar diúltaíodh an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta mar iarratas neamh-inghlactha nó mar iarratas atá go follasach gan bhunús. Sa mheasúnú foriomlán ar staid ar leith iarratasóra, tugann teaghlaim roinnt tosca bunús go minic lena chinneadh go bhfuil riosca éalaithe ann.
- (25) Ba cheart a mheas nach bhfuil iarratasóir ar fáil a thuilleadh do na húdaráis inniúla i gcás ina dteipeann ar an iarratasóir sin freagairt d'iarrataí a bhaineann leis na nósanna imeachta faoi Rialachán (AE) .../...⁺ nó leis an nós imeachta faoi Rialachán (AE) .../...⁺⁺ ach amháin má thugann an t-iarratasóir cúiseanna leormhaithe i dtaobh cén fáth nach raibh sé nó sí in ann freagairt do na hiarrataí sin, mar shampla cúiseanna leighis nó cúiseanna eile gan choinne nach bhfuil neart aige nó aici orthu.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 16/24 (2016/0224A(COD)).

⁺⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 21/24 (2020/0279(COD)).

- (26) Ba cheart iarratasóirí a choinneáil i gcomhréir leis an mbunphrionsabal nár cheart daoine a choinneáil ar an gcúis go bhfuil siad ag lorg cosaint idirnáisiúnta, agus ar an gcúis sin amháin, go háirithe i gcomhréir le hoibleagáidí dlíthiúla idirnáisiúnta na mBallstát agus go háirithe Airteagal 31 de Choinbhinsiún na Ginéive. Níor cheart a bheith in ann iarratasóirí a choinneáil ach amháin faoi na himthosca eisceachtúla atá sainithe go han-soiléir a leagtar síos sa Treoir seo agus faoi réir phrionsabail an riachtanais agus na comhréireachta a mhéid a bhaineann le modh agus cuspóir coinneála den sórt sin. Maidir le coinneáil iarratasóirí de bhun na Treorach seo, níor cheart ordú a dhéanamh ina leith ach amháin i scríbhinn agus é sin ó údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin agus é á lua acu cad iad na cúiseanna ar a bhfuil an choinneáil bunaithe, lena n-áirítear i gcásanna ina bhfuil an duine faoi choinneáil cheana tráth a dhéantar an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. I gcás ina mbíonn an t-iarratasóir curtha faoi choinneáil, ba cheart rochtain éifeachtach a bheith ag an iarratasóir sin ar na ráthaíochtaí nós imeachta is gá, amhail athbhreithniú breithiúnach agus an ceart chun cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a fháil, i gcás inarb infheidhme faoin Treoir seo.
- (27) Ba cheart uastréimhse ama inghlactha don athbhreithniú breithiúnach ar choinneáil a chinneadh i bhfianaise imthosca gach cáis, agus castacht an nós imeachta á cur san áireamh, chomh maith leis an dícheall arna léiriú ag na húdaráis inniúla, aon mhoill arb é nó í an duine faoi choinneáil is cúis léi agus aon tosca eile is cúis le moill nach féidir freagracht a chur ar an mBallstát ina leith.

- (28) I gcás nach bhfuil cead ag an iarratasóir cónaí ach in áit shonrach amháin ach nach bhfuil an oibleagáid sin comhlíonta aige nó aici, ní mór fós go mbeadh an riosca ann go bhféadfadh an t-iarratasóir éalú sular féidir an t-iarratasóir a choinneáil. I ngach cás, ba cheart cúram speisialta a ghlacadh lena áirithiú go bhfuil fad na coinneála comhréireach agus go gcuirtear deireadh leis an gcoinneáil a luaithe a chomhlíonfar an oibleagáid atá ar an iarratasóir nó nach bhfuil cúiseanna ann a thuilleadh lena chreidiúint nach ndéanfaidh an t-iarratasóir an oibleagáid sin a chomhlíonadh. Ba cheart don iarratasóir freisin a bheith curtha ar an eolas faoin oibleagáid i dtrácht agus faoi na hiarmhairtí a ghabhann le neamhchomhlíonadh.
- (29) Maidir le nósanna imeachta riaracháin a bhaineann leis na forais atá leis an gcoinneáil, faoi choincheap an ‘díchill chuí’, ceanglaítear ar na Ballstáit bearta nithiúla agus fóinteacha a dhéanamh ar a laghad chun a áirithiú go mbeidh an t-am is gá chun na forais atá leis an gcoinneáil a fhíorú chomh gearr agus is féidir, agus gur rídhócha gur féidir na forais sin a fhíorú san achar ama is giorra is féidir. Níor cheart don choinneáil dul thar an tréimhse ama atá ag teastáil go réasúnach chun na nósanna imeachta riaracháin ábhartha a thabhairt chun críche.
- (30) Ní dochar na forais atá le coinneáil a leagtar amach sa Treoir seo d’fhorais choinneála eile, lena n-áirítear forais choinneála faoi chuimsiú imeachtaí coiriúla, atá infheidhme faoin dlí náisiúnta agus nach mbaineann le hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta an náisiúnaigh tríú tír nó an duine gan stát.
- (31) Iarratasóirí atá faoi choinneáil, ba cheart déileáil leo agus lánurraim á tabhairt ar dhínit an duine agus ba cheart glacadh iarratasóirí den sórt sin a dhearadh ar bhealach sonrach chun freastal ar a gcuid riachtanas sa staid sin. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar Airteagal 24 den Chairt agus Airteagal 37 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, 1989 a chur i bhfeidhm.

- (32) D'fhéadfadh cásanna a bheith ann nach féidir, ó thaobh na praiticiúlachta de, ráthaíochtaí glactha áirithe a áirithiú láithreach sa choinneáil, mar shampla de thoradh an tsuímh gheografaigh nó de thoradh struchtúr sonracha na saoráide coinneála. Ba cheart aon mhaolú ar na ráthaíochtaí sin a bheith de chineál sealadach agus níor cheart an maolú a chur i bhfeidhm ach faoi na himthosca a leagtar amach sa Treoir seo. Níor cheart maoluithe a chur i bhfeidhm ach in imthosca eisceachtúla agus ba cheart údar cuí a bheith leo, agus na himthosca a bhaineann le gach cás á gcur san áireamh, lena n-áirítear a dhéine atá an maolú atá á chur i bhfeidhm, a fhad agus a thionchar ar an iarratasóir lena mbaineann.
- (33) Chun iomláine choirp agus shíceolaíoch na n-iarratasóirí a áirithiú ar bhealach níos fearr, níor cheart coinneáil a úsáid ach mar rogha dheiridh agus níor cheart a bheith in ann iarratasóirí a choinneáil ach amháin má tá scrúdú cuí déanta ar na bearta neamhchoinneála malartacha uile ar choinneáil. Leis an oibleagáid scrúdú a dhéanamh ar na bearta malartacha sin, níor cheart réamhbhreith a thabhairt ar úsáid na coinneála i gcás nach féidir bearta malartacha den sórt sin, lena n-áirítear oibleagáidí cónaithe agus tuairiscithe, a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Ba cheart a lua in aon chinneadh lena bhforchuirtear coinneáil na cúiseanna nach bhféadfaí bearta malartacha eile nach bhfuil chomh comhéigeantach céanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Aon bheart malartach ar choinneáil, ba cheart dó cearta bunúsacha an duine a urramú a mhéid a bhaineann le hiarratasóirí.
- (34) Chun a áirithiú go gcomhlíontar an ráthaíocht nós imeachta gurb ann do dheis dul i dteagmháil le heagraíochtaí nó grúpaí daoine a sholáthraíonn cúnamh dlí, ba cheart faisnéis a sholáthar faoi eagraíochtaí nó grúpaí daoine den sórt sin.
- (35) Agus cinneadh á dhéanamh faoi shocruithe tithíochta, ba cheart do na Ballstáit leas an linbh, chomh maith le himthosca ar leith aon iarratasóra atá spleách ar bhaill teaghlaigh nó ar gharghaolta amhail deartháireacha nó deirfiúracha mionaoiseacha neamhphósta atá i láthair sa Bhallstát cheana féin, a chur san áireamh.

- (36) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann dul i muinín réitigh tithíochta sealadaí ar cháilíocht níos ísle i gcás ina bhfuil na hacmhainneachtaí tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth ídithe go sealadach. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann freisin dul i muinín na réiteach tithíochta sealadaí sin i gcás, mar thoradh ar líon díréireach daoine nach mór cóiríocht a chur ar fáil dóibh nó mar thoradh ar thubaiste de dhéantús an duine nó tubaiste nádúrtha, nach bhfuil fáil go sealadach ar na hacmhainneachtaí tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth. Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar réitigh tithíochta sealadaí den sórt sin i struchtúir foirgneamh seasta a sholáthar, a mhéid is féidir.
- (37) Ba cheart glacadh daoine ag a bhfuil riachtanais ghlaetha speisialta a bheith mar phríomhúdar imní ag na húdaráis náisiúnta chun a áirithiú go ndearfar glacadh den sórt sin ar bhealach sonrach chun freastal ar a gcuid riachtanas glaetha speisialta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin, a mhéid is féidir, go gcuirfear cosc le hionsaí agus foréigean, lena n-áirítear foréigean a dhéantar ar chúis ghnéasach, inscne, chiníoch nó reiligiúnach, agus tithíocht á soláthar. Le foréigean a dhéantar ar chúis reiligiúnach, cuimsítear freisin foréigean atá dírithe ar dhaoine nach bhfuil creideamh reiligiúnach acu nó daoine a bhfuil a gcreideamh reiligiúnach séanta acu.
- (38) Agus an Treoir seo á cur i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit féachaint le lánurraim do phrionsabail leas an linbh agus na haontachta teaghlaigh a áirithiú, i gcomhréir leis an gCairt, le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, 1989, leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus, i gcás inarb infheidhme, le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac.

- (39) Ní mór dálaí glactha a oiriúnú don staid shonrach ina mbíonn mionaoisigh agus dá riachtanais ghlactha speisialta, bídis gan tionlacan nó in éineacht lena dteaghlach, agus aird chuí á tabhairt ar a slándáil, lena n-áirítear slándáil in aghaidh foréigean gnéasach agus foréigean inscnebhunaithe, agus ar chúram fisiciúil agus mothúchánach agus ní mór iad a sholáthar ar chaoi a spreagann a bhforbairt ghinearálta.
- (40) Níor cheart, de ghnáth, mionaoisigh a choinneáil. Ba cheart iad a chur i gcóiríocht oiriúnach ina bhfuil socruithe speisialta do mhionaoisigh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, i socrúcháin neamhchoinneála, phobalbhunaithe. I bhfianaise thionchar diúltach na coinneála ar mhionaoisigh, níor cheart coinneáil a úsáid, i gcomhréir le dlí an Aontais, ach amháin in imthosca eisceachtúla, i gcás ina bhfuil géarghá léi, mar rogha dheiridh agus ar feadh na tréimhse ama is giorra is féidir, tar éis é a bheith suite nach féidir bearta malartacha eile nach bhfuil chomh comhéigneach céanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus tar éis a mheas gur chun a leasa atá an choinneáil. Níor cheart mionaoisigh a choinneáil riamh i bpríosún nó i saoráid eile a úsáidtear chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Níor cheart mionaoisigh a scaradh óna dtuismitheoirí nó óna gcúramóirí, agus, mar thoradh ar phrionsabal na haontachta teaghlaigh, ba cheart roghanna malartacha leormhaithe ar choinneáil a úsáid i gcás teaghlaigh le mionaoisigh, i gcóiríocht atá oiriúnach dóibh. Thairis sin, ba cheart gach ní is féidir a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh réimse inmharthana roghanna malartacha leormhaithe ar choinneáil mionaoiseach ar fáil agus inrochtana. Sa chomhthéacs sin, tá na Ballstáit le Dearbhú Nua-Eabhrac maidir le Dídeanaithe agus Imircigh an 19 Meán Fómhair 2016, treoir údarásach ábhartha ó chomhlacht conartha na Náisiún Aontaithe maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, 1989 agus cásdlí ábhartha a chur san áireamh.

- (41) I dteachtaireacht uaidh an 12 Aibreán 2017 dar teideal *The protection of children in migration* [Imircigh ar leanaí iad a chosaint], chuir an Coimisiún i bhfios go láidir nach mór do na Ballstáit coimircí iomchuí a chur i bhfeidhm chun na himircigh uile ar leanaí iad atá i láthair ar a gcríoch a chosaint, lena n-áirítear trí bhearta a ghlacadh chun a áirithiú go soláthraítear cóiríocht shábháilte agus iomchuí do leanaí mar aon leis na seirbhísí tacaíochta is gá chun leas agus folláine an linbh a áirithiú, i gcomhréir le hoibleagáidí na mBallstát a eascraíonn as an dlí náisiúnta, as dlí an Aontais agus as an dlí idirnáisiúnta.
- (42) Bíonn ról ríthábhachtach ag ionadaithe ó thaobh rochtain ar na cearta faoin Treoir seo a áirithiú agus ó thaobh leas na leanaí neamhthionlactha uile a choimirciú. Tá luathcheapadh ionadaithe bunriachtanach chun dul i ngleic le cásanna ina dtéann imircigh linbh ar iarraidh san Aontas. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar ionadaithe a cheapadh a luaithe is féidir, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, 1989, chun a áirithiú go mbaineann leanaí neamhthionlactha tairbhe iomlán as a gcearta mar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a dheonaítear faoin Treoir seo.
- (43) Ba cheart gurb é príomhról an ionadaí leas an linbh a áirithiú agus ionadaíocht a dhéanamh do mhionaoiseach neamhthionlactha, cuidiú leis nó léi nó gníomhú thar a cheann nó a ceann. Ba cheart don ionadaí a bheith in ann an fhaisnéis a sholáthraítear don mhionaoiseach neamhthionlactha a mhíniú, idirchaidreamh a dhéanamh leis na húdaráis inniúla chun rochtain láithreach ar dhálaí glactha ábharacha agus ar chúram sláinte a áirithiú don mhionaoiseach neamhthionlactha agus ionadaíocht a dhéanamh do mhionaoiseach neamhthionlactha, cuidiú leis nó léi nó, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, gníomhú thar a cheann nó a ceann chun a áirithiú gur féidir leis an mhionaoiseach sin tairbhe a bhaint as na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear inti a chomhlíonadh. Ba cheart ionadaithe a cheapadh i gcomhréir leis an nós imeachta a shainítear leis an dlí náisiúnta.

- (44) Ba cheart do na Ballstáit ionadaí a cheapadh i gcás iarratas arna dhéanamh ag duine a mhaíonn gur mionaoiseach é nó í agus atá neamhthionlactha. Ba cheart ionadaí a cheapadh freisin i gcás ina bhfuil forais oibiachtúla ag na húdaráis inniúla lena chreidiúint gur mionaoiseach é nó í an duine i bhfianaise comharthaí ábhartha infheicthe, ráitis ábhartha nó iompar ábhartha. I gcás ina bhfuil measúnú déanta ag Ballstát, maidir le duine a mhaíonn gur mionaoiseach é nó í, nach bhfuil aon amhras ach go bhfuil an duine sin os cionn 18 mbliana d'aois, ní gá dó ionadaí a cheapadh.
- (45) Go dtí go gceaptar an t-ionadaí, ba cheart do na Ballstáit duine a ainmniú atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaí faoin Treoir seo. Mar shampla, d'fhéadfadh an duine sin a bheith ina fhostaí nó ina fostaí in ionad cóiríochta, i saoráid cúraim leanaí, i seirbhísí sóisialta, nó in eagraíocht ábhartha eile atá ainmnithe chun cúraimí ionadaí a chomhlíonadh. Níor cheart daoine a bhfuil a leasanna i gcoinbhleacht nó a bhféadadh a leasanna a bheith i gcoinbhleacht le leasanna an mhionaoisigh neamhthionlactha a ainmniú mar an duine atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaí. Tá sé tábhachtach freisin go gcuirfí duine den sórt sin ar an eolas láithreach i gcás ina ndéanann mionaoiseach neamhthionlactha iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

- (46) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfaigheann na hiarratasóirí an cúram sláinte is gá, biodh sin soláthartha ag cleachtóirí ginearálta nó, i gcás ina bhfuil gá leis, ag speisialtóirí. Ba cheart don chúram sláinte is gá a bheith ar chaighdeán leormhaith agus ba cheart a áireamh ann, ar a laghad, cúram éigeandála agus cóireáil riachtanach galar, lena n-áirítear cóireáil riachtanach neamhord meabhrach tromchúiseach, agus cúram sláinte gnéis agus atáirgthe atá riachtanach chun dul i ngleic le riocht fisiciúil tromchúiseach. Chun freagairt d'údair imní i réimse na sláinte poiblí maidir le galair a chosc agus sláinte na n-iarratasóirí a chosaint, ba cheart cóir leighis choisctheach, amhail vacsaínithe, a áireamh freisin i rochtain na n-iarratasóirí ar chúram sláinte. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann freisin a cheangal go ndéanfar scagthástáil leighis ar iarratasóirí ar fhorais sláinte poiblí. Le torthaí na scagthástála leighis, níor cheart tionchar a imirt ar an measúnú a dhéantar ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, ar cheart é a dhéanamh i gcónaí go hoibiachtúil, go neamhchlaonta agus ar bhonn aonair i gcomhréir le Rialachán (AE) .../...⁺.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 16/24 (2016/0224A(COD)).

- (47) Ba cheart é a bheith indéanta teideal iarratasóra ar dhálaí glactha ábharacha faoin Treoir seo a chiorrú in imthosca áirithe, amhail i gcás ina n-éalaíonn iarratasóir ón mBallstát ina gceanglaítear ar an iarratasóir sin a bheith i láthair go Ballstát eile. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit, sna himthosca uile, a áirithiú go mbeidh rochtain ag iarratasóirí ar chúram sláinte agus ar chaighdeán maireachtála atá i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear an Chairt, agus oibleagáidí idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, 1989. Ba cheart do na Ballstáit go háirithe socrú a dhéanamh maidir le cothabháil agus riachtanais bhunúsacha an iarratasóra, ó thaobh sábháilteacht fhisiciúil agus dínite de agus ó thaobh caidreamh idirphearsanta de, agus aird chuí á tabhairt ar leochaileachtaí ar cuid dhílis iad den duine mar iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta agus ar leochaileachtaí theaghlach nó chúramóir an duine sin. Ba cheart aird chuí a thabhairt freisin ar iarratasóirí ag a bhfuil riachtanais ghlactha speisialta. Ba cheart na riachtanais shonracha atá ag iarratasóirí a d'fhulaing foréigean gnéasach nó foréigean inscne-bhunaithe, go háirithe mná, a chur san áireamh freisin, lena n-áirítear trí rochtain a áirithiú, ag céimeanna éagsúla an nós imeachta maidir le cosaint idirnáisiúnta, ar chúram sláinte, ar chúnamh dlí, agus ar chomhairleoireacht iomchuí tráma agus ar chúram síceasóisialta iomchuí.
- (48) Ba cheart riachtanais shonracha mionaoiseach a chur san áireamh, go háirithe maidir le hurraim do cheart an linbh chun oideachais agus chun rochtain a fháil ar chúram sláinte. Ba cheart an rochtain chéanna ar oideachas atá ag náisiúnaigh na mBallstát féin a thabhairt do leanaí mionaoiseacha na n-iarratasóirí agus d'iarratasóirí ar mionaoisigh iad agus faoi choinníollacha comhchosúla. Ní gá an rochtain sin a sholáthar le linn laethanta saoire scoile. Mar riail ghinearálta, ba cheart a gcuid oideachais a chomhtháthú le hoideachas náisiúnaigh na mBallstát féin agus ba cheart é a bheith ar an gcáilíocht chéanna. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go leanfar d'oideachas mionaoiseach fad nach ndéantar beart ionnarbha a fhorfheidhmiú ina n-aghaidh nó in aghaidh a dtuismitheoirí.

- (49) I bhfianaise na Cairte, an Choinbhinsiúin Eorpaigh chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus an chásdlí ábhartha, agus chun nach ndéanfar idirdhealú in aghaidh baill teaghlaigh ar bhonn na háite inar bunaíodh an teaghlach, ba cheart a áireamh i gcoincheap an teaghlaigh freisin teaghlaigh a bunaíodh lasmuigh de thír thionscnaimh na n-iarratasóirí, ach sular bhain siad críoch na mBallstát amach.
- (50) Chun neamhthuilleamaíocht iarratasóirí a chur chun cinn agus chun teorainn a chur leis na héagsúlachtaí móra idir na Ballstáit, is den riachtanas é rialacha soiléire a sholáthar maidir le rochtain na n-iarratasóirí ar mhargadh an tsaothair agus a áirithiú go bhfuil rochtain den sórt sin éifeachtach, trína áirithiú nach bhforchuirtear dálaí a chuireann bac iarbhrí ar iarratasóir fostaíocht a lorg, nach gcuirtear srian míchuí le rochtain a fháil ar earnálacha sonracha de mhargadh an tsaothair nó le huaireanta oibre iarratasóra agus nach socraítear foirmiúlachtaí riaracháin míréasúnta. I gcás iarratasóirí a bhfuil rochtain éifeachtach acu ar mhargadh an tsaothair agus ar tugadh cead dóibh cónaí in áit shonrach agus san áit sin amháin, ba cheart dóibh a bheith in ann fostaíocht a lorg laistigh d’achar réasúnta ón áit sin. I gcás ina gceanglaítear é le Conradh fostaíochta an iarratasóra, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cead a thabhairt don iarratasóir a gcríoch a fhágáil chun cúraimí sonracha oibre a chomhlíonadh i mBallstát eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Tástálacha ar mhargadh an tsaothair a úsáidtear chun tosaíocht a thabhairt do náisiúnaigh nó do shaoránaigh eile an Aontais nó do náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát a bhfuil cónaí dleathach orthu sa Bhallstát lena mbaineann, níor cheart bac a chur, leis na tástálacha sin, ar rochtain éifeachtach na n-iarratasóirí ar mhargadh an tsaothair agus ba cheart na tástálacha sin a chur chun feidhme gan dochar do phrionsabal na tosaíochta do shaoránaigh an Aontais faoi mar a chuirtear in iúl sna forálacha ábhartha de na hIonstraimí Aontachais is infheidhme.

- (51) Trí rochtain a thabhairt d'iarratasóir ar mhargadh an tsaothair, ba cheart don iarratasóir a bheith i dteideal fostaíocht a lorg. Is féidir leis na Ballstáit cead a thabhairt d'iarratasóirí a bheith féinfhostaithe.
- (52) Chun ionchais an lánpháirtithe agus neamhthuilleamaíocht na n-iarratasóirí a mhéadú, spreagtar rochtain ar mhargadh an tsaothair a bheith ann níos túisce i gcás inar dócha go bhfuil bunús maith leis an iarratas, lena n-áirítear nuair atá tosaíocht tugtha don scrúdú ar an iarratas i gcomhréir le Rialachán (AE) .../...⁺. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar laghdú a dhéanamh ar an tréimhse ama sin a mhéid is féidir i gcásanna inar dócha go bhfuil bunús maith leis an iarratas. Níor cheart rochtain ar mhargadh an tsaothair a dheonú nó, más rud é gur deonaíodh í cheana féin, ba cheart í a tharraingt siar i gcás inar dócha nach bhfuil bunús le hiarratas iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta agus a gcuirtear nós imeachta scrúdúcháin brostaithe i bhfeidhm ina leith dá réir, lena n-áirítear i gcás ina gcoinníonn an t-iarratasóir siar faisnéis ábhartha nó doiciméid ábhartha a bhaineann le céannacht an iarratasóra sin.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 16/24 (2016/0224A(COD)).

- (53) A luaithe a thabharfar rochtain d'iarratasóirí ar mhargadh an tsaothair, ba cheart dóibh a bheith i dteideal sraith chomhchoiteann de chearta atá bunaithe ar chóir chomhionann le náisiúnaigh an Bhallstáit lena mbaineann. Ba cheart a chuimsiú leis na dálaí oibre, ar a laghad, pá agus dífhostú, ceanglais sláinte agus sábháilteachta ag an áit oibre, uaireanta oibre, saoire agus laethanta saoire, agus na comhaontuithe comhchoiteanna atá i bhfeidhm á gcur san áireamh. Ba cheart cóir chomhionann a bheith ag iarratasóirí den sórt sin freisin maidir le saoirse comhlachais agus cleamhnachta, le hoideachas agus gairmoiliúint, le haitheantas do cháilíochtaí gairmiúla agus, a mhéid a bhaineann le hiarratasóirí fostaithe, le slándáil shóisialta. Is féidir leis na Ballstáit cóir chomhionann a dheonú freisin d'iarratasóirí atá féinfhostaithe. Tá na Ballstáit lena ndícheall a dhéanamh chun dúshaothrú ar iarratasóirí nó idirdhealú d'aon chineál ina n-aghaidh a sheachaint san áit oibre trí bhíthin cleachtais oibre neamhdhearbhaithe agus cineálacha eile de dhúshaothrú tromchúiseach saothair.
- (54) A luaithe a dhéanfar rochtain ar mhargadh an tsaothair a dheonú d'iarratasóirí, ba cheart do Bhallstát aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla arna bhfáil ag iarratasóir i mBallstát eile ar an gcaoi chéanna a dtugtar aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla shaoránaigh an Aontais agus ba cheart dó na cáilíochtaí arna bhfáil i dtríú tír a chur san áireamh i gcomhréir le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹. Ba cheart bearta a bhreithniú freisin d'fhonn aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na deacrachtaí praiticiúla a bhíonn ag iarratasóirí i ndáil le fiordheimhniú a ndiplómaí eachtracha, a dteastas eachtrach nó fianaise eile dá gcáilíochtaí foirmiúla eachtracha, go háirithe i gcás nach féidir le hiarratasóirí fianaise dhoiciméadach a sholáthar agus nach féidir leo na costais a ghabhann le nósanna imeachta aitheantais a sheasamh.

⁹ Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

- (55) Tá feidhm ag na brainsí den tslándáil shóisialta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ maidir le hiarratasóirí atá i mbun fostaíochta.
- (56) I ngeall ar an gcineál sealadach a d'fhéadfadh a bheith le fanacht iarratasóirí agus gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 1231/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann sochair slándála sóisialta, ar sochair iad nach bhfuil ag brath ar thréimhsí fostaíochta ná ar ranníocaíochtaí, a eisiamh ón gcóir chomhionann idir iarratasóirí agus a gcuid náisiúnach féin. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann freisin srian a chur leis an gcóir chomhionann a chur i bhfeidhm i ndáil le hoideachas agus gairmoiliúint agus i ndáil le cáilíochtaí foirmiúla a aithint. Chomh maith leis sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann freisin an ceart chun saoirse comhlachais agus cleamhnachta a theorannú trí iarratasóirí a eisiamh ó pháirt a ghlacadh i mbainistiú comhlachtaí áirithe agus ó oifig phoiblí a shealbhú.
- (57) Ní chuirtear, le dlí an Aontais, teorainn le cumhacht na mBallstát a scéimeanna slándála sóisialta a eagrú. In éagmais comhchuibhiú ar leibhéal an Aontais, is faoi gach Ballstát atá sé na coinníollacha a leagan síos faoina ndéantar sochair slándála sóisialta a dheonú, chomh maith leis an méid atá i gceist le sochair den sórt sin agus an tréimhse dá ndeonaítear iad. Agus an chumhacht sin á feidhmiú ag na Ballstáit, áfach, ba cheart dóibh dlí an Aontais a chomhlíonadh.

¹⁰ Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

¹¹ Rialachán (AE) Uimh. 1231/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena leathnaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 chuig náisiúnaigh tríú tíortha nach gcumhdaítear cheana leis na Rialacháin sin ar fhoras a náisiúntachta amháin (IO L 344, 29.12.2010, lch. 1).

- (58) Tá scileanna teanga tábhachtach chun a áirithiú go bhfuil caighdeán maireachtála leormhaith ag iarratasóirí. Is ionann na scileanna sin agus díspreagadh i gcoinne gluaiseachtaí tánaisteacha freisin. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit rochtain ar chúrsaí teanga a áirithiú nó a éascú a mhéid a mheasann siad go bhfuil cúrsaí den sórt sin iomchuí chun cuidiú le feabhas a chur ar chumas an iarratasóra gníomhú go neamhspleách agus idirghníomhú le húdaráis inniúla.
- (59) Maidir leis an gceart chun córa combhionainne, níor cheart eascairt as sin cearta i ndáil le cásanna a thagann lasmuigh de raon feidhme dhlí an Aontais.
- (60) Chun a áirithiú go gcomhlíontar, leis na dálaí glactha ábharacha a sholáthraítear d'iarratasóirí, na prionsabail a leagtar amach sa Treoir seo, is gá soiléiriú breise a thabhairt ar chineál na ndálaí sin, ar cheart a áireamh leo ní hamháin tithíocht, bia agus éadach ach freisin táirgí pearsanta sláintíochta. Is gá freisin go gcinneadh na Ballstáit leibhéal na ndálaí glactha ábharacha a thugtar i bhfoirm liúntais airgeadais nó dearbháin ar bhonn tagairtí ábhartha arna gcur i bhfeidhm chun caighdeán maireachtála leormhaith a áirithiú do náisiúnaigh, amhail, ag brath ar an gcomhthéacs náisiúnta, sochair ioncaim íosta, pá íosta, pinsin íosta, sochair dhífhostaíochta agus sochair cúnaimh shóisialta. Ní gá, áfach, gurbh ionann an méid a dheonaítear d'iarratasóirí agus an méid a dheonaítear do náisiúnaigh. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cóir a dheonú d'iarratasóirí nach bhfuil chomh fabhrach leis an gcóir a dheonaítear do náisiúnaigh, faoi mar a shonraítear sa Treoir seo. Chomh maith leis sin, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit oiriúnú a dhéanamh ar leibhéal na liúntas airgeadais nó na ndearbhán a dheonaítear d'iarratasóirí sna réigiúin dá dtagraítear in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ar choinníoll go n-áirithítear caighdeán na ndálaí glactha dá bhforáiltear leis an Treoir seo.

- (61) Chun srian a chur leis an bhféidearthacht go mbainfear mí-úsáid as an gcóras glactha, níor cheart do na Ballstáit a bheith in ann dálaí glactha ábharacha a sholáthar ach amháin a mhéid nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag na hiarratasóirí seiftiú dóibh féin. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a cheangal ar iarratasóirí a bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu an costas a bhaineann leis na dálaí glactha ábharacha nó cúram sláinte a fuarthas a chumhdach, rannchuidiú leis, nó é a aisíoc, lena n-áirítear trí ráthaíochtaí airgeadais. D'fhéadfaí a mheas go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag iarratasóirí seiftiú dóibh féin más rud é, mar shampla, go raibh siad ag obair ar feadh tréimhse réasúnta ama. Nuair atá measúnú á dhéanamh ar na hacmhainní atá ag iarratasóir agus nuair a chuirtear de cheangal ar iarratasóir costas na ndálaí glactha ábharacha nó an chúraim sláinte a fuarthas a chumhdach nó rannchuidiú leis, ba cheart do na Ballstáit prionsabal na comhréireachta a urramú agus imthosca aonair an iarratasóra a chur san áireamh mar aon leis an ngá atá le hurraim a thabhairt dá dhínit nó dá dínit agus dá iomláine phearsanta nó dá hiomláine phearsanta, lena n-áirítear riachtanais ghhlactha speisialta an iarratasóra. Níor cheart ceangal a bheith ar iarratasóirí na costais a ghabhann lena gcúram sláinte riachtanach a chumhdach ná rannchuidiú leis na costais sin i gcás ina gcuirtear an cúram sláinte sin ar fáil saor in aisce do náisiúnaigh na mBallstát. Níor cheart ceangal a bheith ar iarratasóirí iasachtaí a thógáil amach chun íoc as dálaí glactha.

- (62) Ba cheart cosc a chur leis an bhféidearthacht go mbainfí mí-úsáid as an gcóras glactha trí na himthosca a shonrú inar féidir na dálaí glactha ábharacha a laghdú nó a tharraingt siar. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an liúntas speansas laethúil a laghdú nó a tharraingt siar nó, i gcás ina bhfuil údar cuí leis agus ina bhfuil sé comhréireach, dálaí glactha ábharacha eile a laghdú i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha áirithe, lena n-áirítear i gcás nach gcomhoibríonn an t-iarratasóir leis na húdaráis inniúla nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na ceanglais nós imeachta atá bunaithe acu. Is féidir a mheas gurb ann do neamh-chomhoibriú nó neamhchomhlíonadh go háirithe sna cásanna seo a leanas: mainníonn iarratasóirí freastal ar choinní atá curtha in áirithe nó oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh ar chúiseanna a bhfuil neart acu orthu; mainníonn iarratasóirí a n-iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) .../...⁺ cé go raibh an deis acu é sin a dhéanamh; nó mainníonn iarratasóirí iarrataí ar sholáthar faisnéise a urramú chun go bhféadfaí iad a shainaithint, lena n-áirítear trí dhiúltú sonraí bithmhéadracha nó faisnéis teagmhála riachtanach a sholáthar nó trí dhiúltú comhoibriú le linn nósanna imeachta scagthástála leighis. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann freisin, i gcás ina bhfuil údar cuí leis agus ina bhfuil sé comhréireach, dálaí glactha ábharacha a tharraingt siar i gcásanna ina ndearna an t-iarratasóir na rialacha ag an ionad cóiríochta a shárú go tromchúiseach nó arís is arís eile nó i gcás inar léirigh sé nó sí iompar foréigneach nó bagartha san ionad cóiríochta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú i gcónaí go mbeadh caighdeán maireachtála ann do gach iarratasóir i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear an Chairt, agus oibleagáidí idirnáisiúnta, agus iarratasóirí ag a bhfuil riachtanais ghlaclacha speisialta agus leas an linbh á gcur san áireamh.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 16/24. (2016/0224A(COD)).

- (63) Is féidir leis na Ballstáit pionóis eile a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta araíonachta i gcomhréir le rialacha an ionaid cóiríochta, a mhéid nach bhfuil na pionóis sin contrártha don Treoir seo.
- (64) Ba cheart do na Ballstáit treoraíocht, faireachán agus rialú iomchuí a bhunú i dtaca lena ndálaí glactha. Chun dálaí glactha inchomparáide a áirithiú, ba cheart ceangal a bheith ar na Ballstáit a chur san áireamh ina gcórais faireacháin agus rialaithe na caighdeáin oibríochtúla, táscairí, treoirlínte agus dea-chleachtais atá ar fáil agus neamhcheangailteach maidir le dálaí glactha arna bhforbairt ag an nGníomhaireacht um Thearmann. Ar choinníoll go bhforáiltear leis na dálaí glactha ábharacha do chaighdeán maireachtála leormhaith, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil na dálaí in áitribh ina gcuirtear cóiríocht ar fáil d'iarratasóirí iomchuí d'ainneoin iad a bheith éagsúil ó shaoráid amháin go saoráid eile. Ba cheart éifeachtúlacht na gcóras glactha náisiúnta agus comhar i measc na mBallstát sa réimse glactha iarratasóirí a áirithiú, lena n-áirítear trí líonra na Gníomhaireachta um Thearmann d'údaráis ghlactha.
- (65) Ba cheart comhordú iomchuí idir na húdaráis inniúla maidir le glacadh iarratasóirí a spreagadh agus, dá bhrí sin, ba cheart caidreamh comhchuí idir na pobail áitiúla agus na hionaid chóiríochta a chur chun cinn.

- (66) Is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil gá le pleanáil theagmhasach chun a áirithiú, a mhéid is féidir, go ndéanfar iarratasóirí a ghlacadh ar bhealach leordhóthanach i gcásanna ina mbíonn ar Bhallstáit aghaidh a thabhairt ar líon díréireach iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Ba cheart faireachán agus measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil na bearta atá beartaithe i bpleananna teagmhasacha na mBallstát leormhaith. Tá pleanáil theagmhasach ina cuid bhunúsach de phróisis phleanála na mBallstát agus ní féidir breathnú uirthi mar ghníomhaíocht eisceachtúil.
- (67) Ba cheart don Ghníomhaireacht um Thearmann cuidiú leis na Ballstáit a bpleananna teagmhasacha a tharraingt suas agus athbhreithniú a dhéanamh orthu, le comhaontú ón mBallstát lena mbaineann. Is é ba cheart a bheith i bplean teagmhasach sraith chuimsitheach beart atá riachtanach chun déileáil leis an mbrú díréireach a d'fhéadfadh a bheith ar chórais ghlactha na mBallstát, agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht na gcóras sin. Chun críoch na Treorach seo, d'fhéadfadh plódú tobann agus ollmhór náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát a bheith ina shaintréith de bhrú díréireach sa mhéid go gcuireann an plódú sin ualach mór fiú ar chóras glactha atá dea-ullmhaithe. Chun ullmhacht níos fearr a bhaint amach do chás den sórt sin, ba cheart a áireamh sa teimpléad a d'fhorbair an Ghníomhaireacht um Thearmann treoir maidir le conas cásanna féideartha, tionchar na gcásanna sin, gníomhaíochtaí atá le déanamh agus acmhainní atá ar fáil chun freagairt do na cásanna sin a shainaithint.
- (68) Ba cheart an chumhacht a bheith ag na Ballstáit forálacha níos fabhraí a thabhairt isteach nó a choimeád do náisiúnaigh tríú tír agus do dhaoine gan stát a iarrann cosaint idirnáisiúnta ar Bhallstát.

- (69) Iarrtar ar na Ballstáit forálacha na Treorach seo a chur i bhfeidhm i dtaca le nósanna imeachta chun cinneadh a dhéanamh ar iarratais ar chineálacha cosanta seachas na cineálacha sin dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹²⁺.
- (70) Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach seo go tráthrialta. Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis is gá a sholáthar don Choimisiún chun go mbeidh an Coimisiún in ann a chuid oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh faoin Treoir seo.
- (71) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh dálaí glactha iarratasóirí sna Ballstáit a bhunú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

¹² Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a dheonaítear, lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, ..., ELI: ...).

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 70/23 (2016/0223(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

- (72) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin¹³, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.
- (73) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d’Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.
- (74) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.
- (75) Sa Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear go háirithe sa Chairt. Go háirithe, féachtar leis an Treoir seo le dínit an duine a urramú go hiomlán agus le cur i bhfeidhm Airteagail 1, 4, 6, 7, 18, 21, 24 agus 47 den Chairt a chur chun cinn agus ní mór í a chur chun feidhme dá réir.

¹³ IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

- (76) Ba cheart an oibleagáid an Treoir seo a thrasuí sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar leasú substainteach iad i gcomparáid leis an Treoir a bhí ann roimhe seo. Is ann don oibleagáid na forálacha nach bhfuil athraithe a thrasuí mar thoradh ar an Treoir a bhí ann roimhe seo.
- (77) Ba cheart nár dhochar an Treoir seo d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis an teorainn ama chun an Treoir a leagtar amach in Iarscríbhinn I a thrasuí sa dlí náisiúnta,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Caibidil I

Ábhar, sainmhínithe agus raon feidhme

Airteagal 1 *Ábhar*

Leis an Treoir seo, leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh sna Ballstáit.

Airteagal 2 *Sainmhínithe*

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘iarratas ar chosaint idirnáisiúnta’ nó ‘iarratas’ iarraidh ar chosaint ó Bhallstát a dhéanann náisiúnach tríú tír nó duine gan stát, ar duine é nó í is féidir a thuiscint mar dhuine atá ag iarraidh stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí;
- (2) ciallaíonn ‘iarratasóir’ náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a bhfuil iarratas déanta aige nó aici ar chosaint idirnáisiúnta nach bhfuil cinneadh críochnaitheach déanta maidir leis an iarratas sin go fóill;

- (3) ciallaíonn ‘baill teaghlaigh’, sa mhéid gurbh ann cheana don teaghlach sular bhain an t-iarratasóir amach críoch na mBallstát, na baill seo a leanas de theaghlach an iarratasóra atá i láthair ar chríoch an Bhallstáit chéanna le linn an nós imeachta maidir le cosaint idirnáisiúnta:
- (a) céile an iarratasóra nó a pháirtnéir neamhphósta nó a páirtnéir neamhphósta i gcaidreamh seasmhach, i gcás ina ndéileáiltear i ndlí nó cleachtas an Bhallstáit lena mbaineann le lánúineacha neamhphósta ar bhealach is coibhéiseach leis an mbealach a ndéileáiltear le lánúineacha pósta;
 - (b) leanaí mionaoiseacha nó leanaí cleithiúnacha lán-aoise na lánúineacha, dá dtagraítear i bpointe (a), nó an iarratasóra, ar choinníoll go bhfuil siad neamhphósta agus is cuma cé acu ar rugadh nó nár rugadh iad de phósadh nó cé acu a uchtaíodh nó nár uchtaíodh iad dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta; meastar mionaoiseach a bheith neamhphósta ar choinníoll, ar bhonn measúnú aonair, nach mbeadh pósadh an mhionaoisigh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ábhartha dá mba rud é go ndearnadh an pósadh sa Bhallstát lena mbaineann, ag féachaint, go háirithe, d’aois dhlíthiúil an phósta;
 - (c) i gcás inar mionaoiseach neamhphósta an t-iarratasóir, an t-athair, an mháthair nó duine fásta eile atá freagrach as an iarratasóir sin, lena n-áirítear siblín lán-aoise, cibé acu de réir dhlí nó chleachtas an Bhallstáit lena mbaineann; meastar mionaoiseach a bheith neamhphósta ar choinníoll, ar bhonn measúnú aonair, nach mbeadh pósadh an mhionaoisigh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ábhartha dá mba rud é go ndearnadh an pósadh sa Bhallstát lena mbaineann, ag féachaint, go háirithe, d’aois dhlíthiúil an phósta;

- (4) ciallaíonn ‘mionaoiseach’ náisiúnach tríú tír nó duine gan stát faoi bhun 18 mbliana d’aois;
- (5) ciallaíonn ‘mionaoiseach neamhthionlactha’ mionaoiseach a bhaineann críoch na mBallstát amach gan tionlacan duine fhásta atá freagrach as nó aisti, cibé acu de réir dhlí nó chleachtas an Bhallstáit lena mbaineann, agus fad nach dtógtar an mionaoiseach sin go héifeachtach faoi chúram duine fhásta den sórt sin, lena n-áirítear mionaoiseach a fhágtar gan tionlacan tar éis dó nó di dul isteach i gcríoch na mBallstát;
- (6) ciallaíonn ‘dálaí glactha’ an tsraith iomlán de bhearta a dheonaíonn na Ballstáit d’iarratasóirí i gcomhréir leis an Treoir seo;
- (7) ciallaíonn ‘dálaí glactha ábharacha’ na dálaí glactha ar a n-áirítear cóiríocht, bia, éadach agus táirgí sláinteachais phearsanta a sholáthraítear i gcomhchineál, mar liúntais airgeadais, i bhfoirm dearbhán, nó mar theaghlaim díobh sin, chomh maith le liúntas speansas laethúil;
- (8) ciallaíonn ‘liúntas speansas laethúil’ liúntas a sholáthraítear d’iarratasóirí go tréimhsiúil chun cur ar a gcumas leibhéal íosta neamhspleáchais a bheith acu ina saol laethúil, a sholáthraítear mar shuim airgid, i bhfoirm dearbhán, i gcomhchineál, nó mar theaghlaim díobh sin, ar choinníoll go n-áirítear méid airgeadaíochta i liúntas den sórt sin;
- (9) ciallaíonn ‘coinneáil’ gaibhniú iarratasóra ag Ballstát laistigh d’áit ar leith ina bhfuil a shaoirse gluaiseachta nó a saoirse gluaiseachta bainte den iarratasóir;
- (10) ciallaíonn ‘ionad cóiríochta’ aon áit a úsáidtear chun comhchóiríocht a chur ar fáil d’iarratasóirí;

- (11) ciallaíonn ‘riosca éalaithe’ cúiseanna agus imthosca sonracha a bheith ann i gcás aonair, ar cúiseanna iad atá bunaithe ar chritéir oibiachtúla a shainítear sa dlí náisiúnta, chun a chreidiúint go bhféadfadh iarratasóir éalú;
- (12) ciallaíonn ‘éalú’ an ghníomhaíocht arb é atá i gceist léi nach bhfanann iarratasóir ar fáil do na húdaráis inniúla riaracháin nó bhreithiúnacha, amhail trí chríoch an Bhallstáit a fhágáil gan cead a fháil ó na húdaráis inniúla, ar chúiseanna a bhfuil neart ag an iarratasóir orthu;
- (13) ciallaíonn ‘ionadaí’ duine nádúrtha nó eagraíocht, lena n-áirítear údarás poiblí, arna cheapadh nó arna ceapadh ag na húdaráis inniúla, ag a bhfuil na scileanna agus saineolas is gá, lena n-áirítear maidir le cóir agus riachtanais shonracha mionaoiseach, chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann mionaoiseach neamhthionlactha, chun cuidiú le mionaoiseach neamhthionlactha agus chun gníomhú thar cheann mionaoiseach neamhthionlactha, de réir mar is infheidhme, chun leas agus folláine ghinearálta an mhionaoisigh neamhthionlactha sin a choimirciú agus ionas gur féidir leis an mionaoiseach neamhthionlactha tairbhe a bhaint as na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa Treoir seo a chomhlíonadh;
- (14) ciallaíonn ‘iarratasóir ag a bhfuil riachtanais ghlactha speisialta’ iarratasóir a bhfuil gá aige nó aici le dálaí nó ráthaíochtaí speisialta chun tairbhe a bhaint as na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo agus chun na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa Treoir seo a chomhlíonadh.

Airteagal 3
Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le gach náisiúnach tríú tír agus gach duine gan stát a dhéanann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ar an gcríoch, lena n-áirítear ag an teorainn sheachtrach, i bhfarraige chríochach nó i gcriosanna idirthurais na mBallstát, ar choinníoll go bhfuil cead ag na náisiúnaigh tríú tír sin agus na daoine gan stát sin fanacht ar an gcríoch mar iarratasóirí. Tá feidhm ag an Treoir seo freisin maidir le baill teaghlaigh iarratasóra ar choinníoll go gcumhdaítear na baill teaghlaigh sin le hiarratas den sórt sin ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.
2. Níl feidhm ag an Treoir seo maidir le hiarrataí ar thearmann taidhleoireachta nó críochach arna gcur faoi bhráid ionadaíochtaí na mBallstát.
3. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an Treoir seo a chur i bhfeidhm i dtaca le nósanna imeachta chun cinneadh a dhéanamh ar iarratais ar chineálacha cosanta seachas na cineálacha sin faoi Rialachán (AE) .../...⁺.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 70/23 (2016/0223(COD)).

Airteagal 4

Forálacha níos fabhraí

Féadfaidh na Ballstáit forálacha níos fabhraí a thabhairt isteach nó a choimeád a mhéid a bhaineann le dálaí glactha d'iarratasóirí agus do bhaill teaghlaigh agus garghaolta iarratasóirí atá i láthair sa Bhallstát céanna ar choinníoll go bhfuil baill teaghlaigh den sórt sin agus garghaolta den sórt sin spleách ar na hiarratasóirí, nó ar chúiseanna daonnúla, a mhéid atá na forálacha sin comhoiriúnach leis an Treoir seo.

Caibidil II

Forálacha ginearálta maidir le dálaí glactha

Airteagal 5

Faisnéis

1. Soláthróidh na Ballstáit faisnéis d'iarratasóirí a bhaineann leis na dálaí glactha a leagtar amach sa Treoir seo, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann go sonrach lena gcórais ghlactha, a luaithe is féidir agus in am trátha chun iarratasóirí a chumasú go héifeachtach tairbhe a bhaint as na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa Treoir seo a chomhlíonadh.

Soláthróidh na Ballstáit, go háirithe, faisnéis chaighdeánach d'iarratasóirí a bhaineann le dálaí glactha a leagtar amach sa Treoir seo, trí úsáid a bhaint as teimpléad atá le forbairt ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann ('an Gníomhaireacht um Thearmann'). Soláthrófar an fhaisnéis sin a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 3 lá tar éis an t-iarratas a dhéanamh nó laistigh den tréimhse ama dá chláru i gcomhréir le Rialachán (AE) .../...⁺.

Áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar faisnéis d'iarratasóirí faoi eagraíochtaí nó grúpaí daoine a sholáthraíonn cúnamh dlí sonrach agus ionadaíocht dhlíthiúil shonrach, lena n-áirítear faisnéis faoi eagraíochtaí nó grúpaí daoine a sholáthraíonn an cúnamh dlí sin agus an ionadaíocht dhlíthiúil sin saor in aisce, agus faoi eagraíochtaí a d'fhéadfadh cabhrú leo nó iad a chur ar an eolas maidir leis na dálaí glactha atá ar fáil, lena n-áirítear cúram sláinte.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 i scríbhinn i bhfoirm atá gonta, trédhearcach, intuigthe agus a bhfuil rochtain éasca uirthi, agus úsáid á baint as friotal soiléir simplí, agus go mbeidh sí i dteanga a thuigeann an t-iarratasóir nó a cheaptar le réasún go dtuigfeadh an t-iarratasóir. I gcás inar gá, soláthrófar an fhaisnéis sin freisin ó bhéal nó, i gcás inarb iomchuí, i bhfoirm amhaire amhail trí fhíseáin nó pictagraim a úsáid, agus déanfar í a oiriúnú do riachtanais an iarratasóra.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 16/24 (2016/0224A(COD)).

I gcás mionaoiseach neamhthionlactha, soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar bhealach atá oiriúnach d'aois an mhionaoisigh agus ar bhealach a áirithíonn go dtuigeann an mionaoiseach neamhthionlactha í, trí úsáid a bhaint as ábhair faisnéise atá curtha in oiriúint go sonrach do mhionaoisigh i gcás inarb iomchuí. Soláthrófar an fhaisnéis sin os comhair ionadaí an mhionaoisigh neamhthionlactha nó an duine atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaí go dtí go gceapfar an t-ionadaí.

I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh Ballstát an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar don iarratasóir trí bhíthin aistriúchán ó bhéal nó, i gcás inarb iomchuí, i bhfoirm amhairc amhail físeáin nó pictagraim, sna cásanna seo a leanas:

- (a) níl sé in ann an fhaisnéis sin a sholáthar i scríbhinn laistigh den teorainn ama a leagtar amach sa mhír sin toisc gur teanga neamhchoitianta í an teanga a thuigeann an t-iarratasóir nó a cheaptar le réasún go dtuigfeadh an t-iarratasóir; agus
- (b) deimhníonn an t-iarratasóir sin ina dhiaidh sin go dtuigeann sé nó sí an fhaisnéis a soláthraíodh.

I gcásanna dá dtagraítear sa tríú fomhír, gheobhaidh an Ballstát aistriúchán i scríbhinn den fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a luaithe is féidir agus soláthróidh sé é don iarratasóir, ach amháin i gcás inar léir nach gá a thuilleadh é a sholáthar.

Airteagal 6
Doiciméadacht

1. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar an doiciméad dá dtagraítear in Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) .../...⁺ don iarratasóir.
2. Ní cheanglóidh na Ballstáit ar iarratasóirí, ar an gcúis gur iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta iad, agus ar an gcúis sin amháin, nó ar bhonn a náisiúntachta, agus ar an mbonn sin amháin, méid neamhriachtanach nó díréireach doiciméadachta a sholáthar ná ní fhorchuirfidh na Ballstáit ceanglais riaracháin eile ar iarratasóirí sula ndeonóidh siad na cearta a bhfuil siad ina dteideal faoin Treoir seo dóibh.
3. Ní fhéadfaidh na Ballstáit doiciméad taistil a sholáthar d'iarratasóirí ach amháin nuair a thagann cúiseanna daonnúla tromchúiseacha nó cúiseanna dianriachtanacha eile chun cinn a éilíonn go gcaithfidh siad a bheith i láthair i mBallstát eile. Beidh bailíocht an doiciméid taistil teorannaithe don chuspóir agus don ré atá riachtanach don chúis ar eisíodh é.

Airteagal 7
Eagrú na gcóras glactha

1. Féadfaidh na Ballstáit a gcórais ghlactha a eagrú faoi shaoirse i gcomhréir leis an Treoir seo. Féadfaidh iarratasóirí gluaiseacht faoi shaoirse laistigh de chríoch an Bhallstáit lena mbaineann.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS . 16/24 (2016/0224A(COD)).

2. Ar choinníoll go mbaineann na hiarratasóirí uile tairbhe éifeachtach as a gcearta faoin Treoir seo, féadfaidh na Ballstáit cóiríocht a shannadh d'iarratasóirí laistigh dá gcríoch chun a gcórais tearmainn agus ghlactha a bhainistiú.
3. Agus cóiríocht á sannadh nó á hathshannadh d'iarratasóirí, cuirfidh na Ballstáit gnéithe oibiachtúla san áireamh, lena n-áirítear aontacht teaghlaigh dá dtagraítear in Airteagal 14 agus riachtanais ghlactha speisialta na n-iarratasóirí.
4. Féadfar soláthar dálaí glactha ábharacha ag Ballstáit a chur faoi réir cónaí iarbhir na n-iarratasóirí sa chóiríocht a sannadh dóibh i gcomhréir le mír 2.
5. Féadfaidh na Ballstáit sásraí a chur i bhfeidhm freisin chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais a gcóras glactha agus chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear sásraí chun a fhíorú go bhfuil cónaí iarbhir ar na hiarratasóirí sa chóiríocht a shanntar dóibh i gcomhréir le mír 2.
6. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar iarratasóirí a seoladh reatha, uimhir theileafóin inar féidir teacht orthu agus, má tá sé ar fáil, seoladh ríomhphoist a sholáthar do na húdaráis inniúla. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar iarratasóirí freisin fógra a thabhairt d'údaráis inniúla den sórt sin maidir le haon athrú ar sheoladh, ar uimhir theileafóin nó ar sheoladh ríomhphoist a luaithe is féidir.
7. Ní bheidh sé de cheangal ar na Ballstáit cinntí riaracháin a dhéanamh chun críocha an Airteagail seo.

Airteagal 8

Iarratasóirí a shannadh do limistéar geografach

1. Féadfaidh na Ballstáit iarratasóirí a shannadh do limistéar geografach laistigh dá gcríoch inar féidir leo gluaiseacht faoi shaoirse, ar feadh ré an nós imeachta maidir le cosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le Rialachán (AE) .../...⁺.
2. Ní fhéadfaidh na Ballstáit iarratasóirí a shannadh do limistéar geografach laistigh dá gcríoch de bhun mhír 1 ach amháin chun próiseáil thapa, éifeachtúil agus éifeachtach a n-iarratas a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) .../...⁺ nó dáileadh geografach na n-iarratasóirí sin a áirithiú, agus acmhainneachtaí na limistéar geografach lena mbaineann á gcur san áireamh.

Cuirfidh na Ballstáit iarratasóirí ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 5 faoina sannadh do limistéar geografach, lena n-áirítear teorainneacha geografaigh an limistéir sin.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain éifeachtach ag iarratasóirí ar a gcearta faoin Treoir seo agus ar na ráthaíochtaí nós imeachta sa nós imeachta maidir le cosaint idirnáisiúnta laistigh den limistéar geografach dá bhfuil na hiarratasóirí sin sannta. Beidh an limistéar geografach sin mór a dhóthain, agus leis an limistéar geografach sin, beifear in ann rochtain a fháil ar an mbonneagar poiblí is gá agus ní dhéanfar difear do réimse doshannta shaol príobháideach na n-iarratasóirí.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 16/24 (2016/0224A(COD)).

4. Ní bheidh sé de cheangal ar na Ballstáit cinntí riaracháin a dhéanamh chun críocha mhír 1.
5. Déanfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don iarratasóir, cead a dheonú don iarratasóir sin an limistéar geografach a fhágáil go sealadach ar chúiseanna teaghlaigh práinneacha agus tromchúiseacha a bhfuil údar cuí leo, nó chun cóireáil leighis riachtanach a fháil nach bhfuil ar fáil laistigh den limistéar geografach.

I gcás ina bhfágann iarratasóir an limistéar geografach gan chead, ní chuirfidh Ballstát pionóis i bhfeidhm seachas na pionóis dá bhforáiltear faoin Treoir seo.

Ní bheidh sé de cheangal ar an iarratasóir cead a iarraidh freastal ar choinní le húdaráis agus cúirteanna más gá an t-iarratasóir sin a bheith i láthair. Tabharfaidh an t-iarratasóir fógra do na húdaráis inniúla roimh choinní den sórt sin.

6. I gcás ina bhfuil sé suite, lena n-áirítear mar thoradh ar iarraidh iarratasóra ar achomharc nó ar athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 29, nár deonaíodh rochtain éifeachtach d'iarratasóir ar a chearta nó ar a cearta faoin Treoir seo ná ar na ráthaíochtaí nós imeachta sa nós imeachta maidir le cosaint idirnáisiúnta laistigh den limistéar geografach, ní bheidh feidhm a thuilleadh ag sannadh an iarratasóra sin don limistéar geografach sin.
7. Sula gcuirfidh sé an tAirteagal seo i bhfeidhm, leagfaidh an Ballstát lena mbaineann síos na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo sa dlí náisiúnta agus cuirfidh sé an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht um Thearmann ar an eolas i gcomhréir le Caibidil 5 de Rialachán (AE) 2021/2303.

Airteagal 9
Srianta le saoirse gluaiseachta

1. I gcás inar gá, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach bhfuil cead ag iarratasóir cónaí ach amháin in áit shonrach atá oiriúnaithe chun cóiríocht a chur ar fáil d'iarratasóirí, ar chúiseanna a bhaineann leis an mbeartas poiblí nó chun cosc éifeachtach a chur ar an iarratasóir éalú, i gcás ina bhfuil baol éalaithe ann, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) iarratasóirí a bhfuil sé de cheangal orthu a bheith i láthair i mBallstát eile i gcomhréir le hAirteagal 17(4) de Rialachán (AE) .../...⁺; nó
 - (b) iarratasóirí a aistríodh chuig an mBallstát ina bhfuil sé de cheangal orthu a bheith i láthair i gcomhréir le hAirteagal 17(4) de Rialachán (AE) .../...⁺ tar éis dóibh éalú chuig Ballstát eile.

I gcás nár ceadaíodh d'iarratasóir cónaí ach amháin in áit shonrach i gcomhréir leis an mír seo, beidh soláthar dálaí glactha ábharacha faoi réir chónaí iarbhair an iarratasóra san áit shonrach sin.

2. Féadfaidh na Ballstáit, i gcás inar gá, a cheangal ar iarratasóirí tuairisciú do na húdaráis inniúla ag am sonraithe nó ag eatraimh réasúnta, gan difear díréireach a dhéanamh do chearta na n-iarratasóirí faoin Treoir seo.

Féadfar ceanglais tuairiscithe den sórt sin a fhorchur chun a áirithiú go ndéanfar na cinntí dá dtagraítear i mír 1 a urramú nó chun cosc éifeachtach a chur ar iarratasóirí éalú.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 21/24 (2020/0279(COD)).

3. Arna iarraidh sin don iarratasóir, féadfaidh na Ballstáit cead a dheonú don iarratasóir sin cónaí go sealadach lasmuigh den áit shonrach arna hainmniú i gcomhréir le mír 1. Déanfar cinntí maidir le cead den sórt sin go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta ar thuillteanais an cháis aonair agus tabharfar cúiseanna mura ndeonófar cead den sórt sin.

Ní bheidh sé de cheangal ar an iarratasóir cead a iarraidh freastal ar choinní le húdaráis agus cúirteanna más gá an t-iarratasóir sin a bheith i láthair. Tabharfaidh an t-iarratasóir fógra do na húdaráis inniúla faoi choinní den sórt sin.

4. Beidh na cinntí a dhéantar i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 comhréireach agus cuirfear san áireamh leo gnéithe ábhartha de staid ar leith an iarratasóra, lena n-áirítear riachtanais ghlactha speisialta an iarratasóra sin.
5. Luafaidh na Ballstáit na cúiseanna fíorasacha agus, i gcás inarb ábhartha, dlí le haon chinneadh a dhéantar i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo sa chinneadh sin. Déanfar iarratasóirí a chur ar an eolas i scríbhinn faoi chinneadh den sórt sin, chomh maith leis na nósanna imeachta atá ann chun agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh i gcomhréir le hAirteagal 29 agus na hiarmhairtí a ghabhann le neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a fhorchuirtear leis an gcinneadh. Soláthróidh na Ballstáit faisnéis den sórt sin d'iarratasóirí i dteanga a thuigeann siad nó a cheaptar le réasún go dtuigfidís agus i bhfoirm atá gonta, trédhearcach, intuigthe agus a bhfuil rochtain éasca uirthi, agus úsáid á baint as friotal soiléir simplí. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh údarás breithiúnach athbhreithniú ar bhonn *ex officio* ar na cinntí a dhéantar i gcomhréir leis an Airteagal seo i gcás inar cuireadh na cinntí sin i bhfeidhm ar feadh níos mó ná 2 mhí, nó áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar achomharc a dhéanamh i gcoinne na gcinntí sin arna iarraidh sin don iarratasóir lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 29.

Airteagal 10

Coinneáil

1. Ní chuirfidh na Ballstáit duine faoi choinneáil ar an gcúis gur iarratasóir an duine sin, agus ar an gcúis sin amháin, nó ar bhonn náisiúntacht an iarratasóra sin. Ní bheidh an choinneáil bunaithe ach ar cheann amháin nó níos mó de na forais atá le coinneáil a leagtar amach i mír 4. Ní bheidh an choinneáil de chineál pionósach.
2. I gcás inar gá agus ar bhonn measúnú aonair ar gach cás, féadfaidh na Ballstáit iarratasóir a choinneáil, mura féidir bearta malartacha eile nach bhfuil chomh comhéigneach céanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
3. Agus iarratasóir á choinneáil nó á coinneáil, cuirfidh na Ballstáit aon chomharthaí infheicthe, ráitis nó iompar san áireamh lena léirítear go bhfuil riachtanais ghlactha speisialta ag an iarratasóir. I gcás nach bhfuil an measúnú dá bhforáiltear in Airteagal 25 curtha i gcrích go fóill, déanfar é a chur i gcrích gan moill mhíchui agus cuirfear a thorthaí san áireamh agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh an leanfar den choinneáil nó an gá na dálaí coinneála a choigeartú.
4. Ní fhéadfar iarratasóir a choinneáil ach amháin ar bhonn ceann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas:
 - (a) chun céannacht nó náisiúntacht an iarratasóra a chinneadh nó a fhíorú;
 - (b) chun na heilimintí ar a bhfuil an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta bunaithe a chinneadh, ar eilimintí iad nach bhféadfaí a fháil gan an t-iarratasóir a choinneáil, go háirithe i gcás ina bhfuil baol éalaithe ann;

- (c) chun comhlíonadh na n-oibleagáidí dlíthiúla arna bhforchur ar an iarratasóir trí bhíthin cinneadh aonair i gcomhréir le hAirteagal 9(1) a áirithiú i gcásanna nár chomhlíon an t-iarratasóir oibleagáidí den sórt sin agus ina leanann baol éalaithe de bheith ann;
- (d) chun cinneadh a dhéanamh, i gcomhthéacs nós imeachta teorann i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (AE) .../....⁺, maidir le ceart an iarratasóra dul isteach sa chríoch;
- (e) i gcás ina gcoinnítear an t-iarratasóir faoi réir nós imeachta um fhilleadh faoi Threoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴ chun ullmhú don fhilleadh, nó chun an próiseas um aistriú a dhéanamh, agus inar féidir leis an mBallstát lena mbaineann bunús a thabhairt ar bhonn critéir oibiachtúla, lena n-áirítear go raibh an deis ag an iarratasóir cheana rochtain a fháil ar an nós imeachta maidir le cosaint idirnáisiúnta, go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint nach bhfuil an t-iarratasóir ag déanamh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ach chun moill a chur ar fhorfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh nó chun forfheidhmiú an chinnidh sin a chur ó rath;
- (f) i gcás inar gá sin mar gheall ar chosaint na slándála náisiúnta nó an bheartais phoiblí;
- (g) i gcomhréir le hAirteagal 44 de Rialachán (AE) .../....⁺.

Leagfar síos sa dlí náisiúnta na forais atá le coinneáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 16/24 (2016/0224A(COD)).

¹⁴ Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98).

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 21/24 (2020/0279(COD)).

5. Áiritheoidh na Ballstáit go leagfar síos sa dlí náisiúnta na rialacha a bhaineann le roghanna malartacha ar choinneáil, amhail tuairisciú tráthrialta do na húdaráis, ráthaíocht airgeadais a thaisceadh, nó oibleagáid chun fanacht in áit sannta.

Airteagal 11

Ráthaíochtaí le haghaidh iarratasóirí faoi choinneáil

1. Ní choinneofar iarratasóir ach ar feadh na tréimhse is giorra is féidir agus ní choinneofar iarratasóir ach fad atá na forais a leagtar amach in Airteagal 10(4) infheidhme.

Déanfar na nósanna imeachta atá ábhartha do na forais atá le coinneáil a leagtar amach in Airteagal 10(4) a fhorghníomhú le dícheall cuí. Ní bheidh moilleanna ar nósanna imeachta riaracháin nach é nó í an t-iarratasóir is cúis leo ina n-údar cuí le leanúint den choinneáil.

2. Is i scríbhinn a ordóidh údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin coinneáil iarratasóirí. Luafar san ordú coinneála na cúiseanna fíorasacha agus dlí ar a bhfuil sé bunaithe mar aon le cén fáth nach féidir bearta malartacha nach bhfuil chomh comhéigeanach céanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

3. I gcás ina n-ordaíonn údaráis riaracháin an choinneáil, déanfaidh na Ballstáit foráil d'athbhreithniú breithiúnach mear ar dhlíthiúlacht na coinneála atá le déanamh ar bhonn *ex officio* nó arna iarraidh sin don iarratasóir, nó ar an dá bhealach sin. I gcás ina ndéantar athbhreithniú den sórt sin ar bhonn *ex officio*, tabharfar i gcrích é chomh mear agus is féidir, agus imthosca gach cáis á gcur san áireamh, agus tráth nach déanaí ná 15 lá nó, i gcásanna eisceachtúla, tráth nach déanaí ná 21 lá ó thús na coinneála. I gcás ina ndéantar athbhreithniú den sórt sin arna iarraidh don iarratasóir, tabharfar i gcrích é chomh mear agus is féidir, agus imthosca gach cáis á gcur san áireamh, agus tráth nach déanaí ná 15 lá nó, i gcásanna eisceachtúla, tráth nach déanaí ná 21 lá ó sheoladh na n-imeachtaí ábhartha.
- I gcás nach bhfuil an t-athbhreithniú breithiúnach dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i gcás ina ndéantar é ar bhonn *ex officio*, tugtha i gcrích laistigh de 21 lá ó thús na coinneála nó, i gcás ina ndéantar é arna iarraidh sin don iarratasóir, agus nach bhfuil sé tugtha i gcrích laistigh de 21 lá ó sheoladh na n-imeachtaí ábhartha, déanfar an t-iarratasóir lena mbaineann a scaoileadh láithreach.
4. Cuirfear iarratasóirí atá faoi choinneáil ar an eolas i scríbhinn láithreach, i dteanga a thuigeann siad nó a cheaptar le réasún go dtuigfidís, faoi na cúiseanna atá leis an gcoinneáil agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa dlí náisiúnta chun agóid a dhéanamh i gcoinne an ordaithe coinneála, chomh maith leis an deis cúnamh dlí agus ionadaíocht dlíthiúil saor in aisce a iarraidh.
5. Déanfaidh údarás breithiúnach an choinneáil a athbhreithniú ag eatraimh réasúnta ama, ar bhonn *ex officio* nó arna iarraidh sin don iarratasóir lena mbaineann, go háirithe aon uair is tréimhse fhada atá ann, má thagann imthosca ábhartha chun cinn nó má thagann faisnéis nua chun bheith ar fáil a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht na coinneála.

Gan dochar don chéad fhomhír, déanfar athbhreithniú ar bhonn *ex officio* ar choinneáil mionaoiseach neamhthionlactha ag eatraimh tráthrialta.

I gcás ina ndearbhaítear, mar thoradh ar an athbhreithniú breithiúnach, go bhfuil an choinneáil neamhdhleathach, scaoilfear an t-iarratasóir lena mbaineann láithreach.

6. I gcás athbhreithniú breithiúnach ar an ordú coinneála dá bhforáiltear i míreanna 3 agus 5 den Airteagal seo, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag iarratasóirí ar chúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 29.

Airteagal 12

Dálaí coinneála

1. Mar riail, is i saoráidí coinneála speisialaithe a choinneofar iarratasóirí. I gcás nach féidir le Ballstát cóiríocht a chur ar fáil i saoráid choinneála speisialaithe agus nach mór dó cóiríocht phríosúin a úsáid, coimeádfar an t-iarratasóir atá faoi choinneáil ar leithligh ó na gnáthphríosúnaigh agus beidh feidhm ag na dálaí coinneála dá bhforáiltear sa Treoir seo

A mhéid is féidir, coimeádfar iarratasóirí atá faoi choinneáil ar leithligh ó náisiúnaigh tríú tír eile nach bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta taiscthe acu.

I gcás nach féidir iarratasóirí a choinneáil ar leithligh ó náisiúnaigh tríú tír eile, áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann go gcuirfear na dálaí coinneála dá bhforáiltear sa Treoir seo i bhfeidhm.

2. Beidh rochtain ag iarratasóirí faoi choinneáil ar spásanna faoin aer.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an deis ag daoine a dhéanann ionadaíocht d'Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) cumarsáid a dhéanamh le hiarratasóirí agus cuairt a thabhairt orthu i ndálaí lena n-urramaítear príobháideacht. Beidh feidhm ag an deis sin freisin maidir le heagraíocht atá ag obair thar ceann UNHCR ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann de bhun comhaontú leis an mBallstát sin.
4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an deis ag baill teaghlaigh, comhairleoirí dlí nó comhairleoirí agus daoine a dhéanann ionadaíocht d'eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha atá aitheanta ag an mBallstát lena mbaineann cumarsáid a dhéanamh le hiarratasóirí agus cuairt a thabhairt orthu i ndálaí lena n-urramaítear príobháideacht. Ní fhéadfar teorainneacha maidir le rochtain ar an tsaoráid choinneála a fhorchur ach amháin i gcás inar gá iad go hoibiachtúil, de bhua an dlí náisiúnta, ar mhaithe leis an tslándáil, leis an mbeartas poiblí nó le bainistiú riaracháin na saoráide coinneála, ar choinníoll nach gcuirfear, ar an gcaoi sin, srian tromchúiseach leis an rochtain nó nach ndéanfar dodhéanta í.
5. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar faisnéis ar bhonn córasach d'iarratasóirí faoi choinneáil ina mínítear na rialacha arna gcur i bhfeidhm sa tsaoráid agus ina leagtar amach cearta agus oibleagáidí na n-iarratasóirí sin i dteanga a thuigeann siad nó a cheaptar le réasún go dtuigfidís. I gcás ina gcoinnítear iarratasóir ag post teorann nó i gcrios idirthurais, féadfaidh na Ballstáit maolú ar an oibleagáid sin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus ar feadh tréimhse réasúnta ama a bheidh chomh gearr agus is féidir. Ní bheidh feidhm ag an maolú sin i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) .../...⁺.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 16/24 (2016/0224A(COD)).

Airteagal 13

Iarratasóirí ag a bhfuil riachtanais ghlactha speisialta a choinneáil

1. Beidh sláinte, lena n-áirítear meabhairshláinte, iarratasóirí faoi choinneáil ag a bhfuil riachtanais ghlactha speisialta ina príomhúdar inní ag na húdaráis náisiúnta.

I gcás ina gcuirfeadh coinneáil iarratasóirí ag a bhfuil riachtanais ghlactha speisialta a sláinte fhisiciúil agus mheabhrach go mór i mbaol, ní chuirfear na hiarratasóirí sin faoi choinneáil.

I gcás ina bhfuil iarratasóirí ag a bhfuil riachtanais ghlactha speisialta faoi choinneáil, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán tráthrialta ar na hiarratasóirí sin, agus go ndéanfar tacaíocht a sholáthar ar bhealach tráthúil agus leormhaith dóibh, agus a gcás ar leith, lena n-áirítear a sláinte fhisiciúil agus mheabhrach, á chur san áireamh.

2. Mar riail, ní choinneofar mionaoisigh. Déanfar iad a chur i gcóiríocht atá oiriúnach i gcomhréir le hAirteagail 26 agus 27.

Mar riail, úsáidfear roghanna malartacha leormhaithe ar choinneáil le haghaidh teaghlaigh a bhfuil mionaoisigh acu i gcomhréir le prionsabal na haontachta teaghlaigh. Déanfar teaghlaigh den sórt sin a chur i gcóiríocht atá oiriúnach dóibh.

In imthosca eisceachtúla, mar rogha dheiridh agus tar éis é a bheith suite nach féidir bearta eile nach bhfuil chomh comhéigheach céanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus tar éis an choinneáil a mheas a bheith chun a leasa i gcomhréir le hAirteagal 26, féadfar mionaoisigh a choinneáil:

- (a) i gcás mionaoisigh thionlactha, nuair atá tuismitheoir nó príomhchúramóir an mhionaoisigh faoi choinneáil; nó
- (b) i gcás mionaoisigh neamhthionlactha, nuair a chosnaítear an mionaoiseach leis an gcoinneáil.

Mairfidh coinneáil den sórt sin ar feadh na tréimhse is giorra is féidir. Ní choinneofar mionaoisigh choíche i bpríosún ná i saoráid eile a úsáidtear chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Déanfar gach iarracht mionaoisigh a scaoileadh ó choinneáil agus iad a chur i gcóiríocht atá oiriúnach do mhionaoisigh.

Tabharfaidh na Ballstáit tús áite do leas an linbh dá dtagraítear in Airteagal 26.

I gcás mionaoisigh a bheith faoi choinneáil, beidh an ceart chun oideachais acu i gcomhréir le hAirteagal 16, mura rud é nach bhfuil ach fiúntas teoranta ag an oideachas sin a bheith curtha ar fáil dóibh mar gheall ar thréimhse an-ghairid a gcoinneála. Beidh an deis ag na mionaoisigh sin freisin tabhairt faoi ghníomhaíochtaí fóillíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí súgartha agus áineasa atá oiriúnach dá n-aois.

- 3. I gcás mionaoisigh neamhthionlactha a bheith faoi choinneáil, cuirfear cóiríocht ar fáil dóibh i saoráidí atá oiriúnaithe do chóiríocht do mhionaoisigh neamhthionlactha. Soláthrófar saoráidí den sórt sin le foireann atá cáilithe chun cearta mionaoiseach neamhthionlactha a choimirciú agus aire a thabhairt dá riachtanais.

I gcás mionaoisigh neamhthionlactha a bheith faoi choinneáil, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear i gcóiríocht iad ar leithligh ó dhaoine fásta.

4. Cuirfear cóiríocht ar leithligh ar fáil do theaghlaigh faoi choinneáil lena ráthaítear príobháideacht leormhaith.

Cuirfear cóiríocht ar fáil do theaghlaigh le mionaoisigh i saoráidí coinneála atá oiriúnaithe do riachtanais na mionaoiseach.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear cóiríocht ar leithligh ar fáil d'iarratasóirí fireann agus baineann faoi choinneáil, ach amháin más baill teaghlaigh iad na hiarratasóirí sin faoi choinneáil agus go dtoilíonn gach duine aonair lena mbaineann go gcuirfear sa chóiríocht chéanna iad.

Féadfaidh feidhm a bheith ag eisceachtaí ar an gcéad fhomhír freisin maidir le húsáid spásanna coiteanna arna gceapadh le haghaidh gníomhaíochtaí áineasa nó sóisialta, lena n-áirítear soláthar béilí.

6. I gcás iarratasóir a bheith faoi choinneáil ag post teorann nó i gcríos idirthurais, cé is moite de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) .../...⁺, féadfaidh na Ballstáit maolú ar mhír 3, an chéad fhomhír, mír 4 agus mír 5, an chéad fhomhír, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus ar feadh tréimhse réasúnta ama, a bheidh chomh gearr agus is féidir. Beidh saoráidí agus acmhainní leordhóthanacha ag na Ballstáit chun a áirithiú nach gcuirfidh siad na maoluithe dá bhforáiltear sa mhír seo i bhfeidhm ach amháin i gcásanna eisceachtúla. Agus na maoluithe sin á gcur i bhfeidhm, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht um Thearmann ar an eolas faoi sin.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 16/24 (2016/0224A(COD)).

Airteagal 14

Teaghlaigh

I gcás ina soláthraíonn Ballstát tithíocht d'iarratasóirí, déanfaidh sé bearta iomchuí chun aontacht teaghlaigh atá i láthair laistigh dá chríoch a choinneáil a mhéid is féidir. Cuirfear bearta den sórt sin chun feidhme le toiliú an iarratasóra.

Airteagal 15

Scagthástáil leighis

Féadfaidh na Ballstáit a cheangal go ndéanfaí scagthástáil leighis ar iarratasóirí ar chúiseanna sláinte poiblí.

Airteagal 16

Scolaíocht agus oideachas do mhionaoisigh

1. Deonóidh na Ballstáit do leanaí mionaoiseacha iarratasóirí agus d'iarratasóirí ar mionaoisigh iad an rochtain chéanna ar oideachas agus atá ag a náisiúnaigh féin agus faoi dhálaí comhchosúla fad nach ndéantar beart ionnarbtha a fhorfheidhmiú i ndáiríre in aghaidh mionaoisigh den sórt sin nó in aghaidh a dtuismitheoirí.

Cuirfear riachtanais shonracha mionaoiseach san áireamh, go háirithe maidir le hurraim do cheart an linbh chun oideachais agus chun rochtain a fháil ar chúram sláinte. Mar riail, déanfar oideachas mionaoiseach a chomhtháthú le hoideachas náisiúnaigh na mBallstát féin agus beidh sé ar an gcáilíocht chéanna. Déanfaidh na Ballstáit gach iarracht chun go leanfar d'oideachas mionaoiseach fad nach ndéantar beart ionnarbtha a fhorfheidhmiú i ndáiríre ina n-aghaidh nó in aghaidh a dtuismitheoirí.

Ní dhéanfaidh na Ballstáit meánoideachas a tharraingt siar ar an gcúis go bhfuil lánaois sroichte ag an mionaoiseach, agus ar an gcúis sin amháin.

2. Deonóidh Ballstáit do mhionaoisigh dá dtagraítear i mír 1 rochtain ar chóras oideachais a luaithé agus is féidir agus ní chuirfidh siad siar deonú na rochtana sin ar feadh tréimhse níos faide ná 2 mhí ón dáta a ndearnadh an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh agus laethanta saoire scoile á gcur san áireamh. Soláthróidh na Ballstáit oideachas laistigh den chóras ginearálta oideachais. Mar bheart sealadach, áfach, agus ar feadh uastréimhse míosa, féadfaidh na Ballstáit an t-oideachas sin a sholáthar lasmuigh den chóras ginearálta oideachais.

Déanfar ranganna ullmhúcháin, lena n-áirítear ranganna teanga, a sholáthar do mhionaoisigh i gcás inar gá chun a rochtain ar an gcóras ginearálta oideachais, agus a rannpháirtíocht ann, a éascú.

3. I gcás nach féidir rochtain ar an gcóras ginearálta oideachais a chur ar fáil de dheasca staid shonrach an mhionaoisigh, tairgfidh an Ballstát lena mbaineann socruithe eile oideachais i gcomhréir lena dhlí náisiúnta agus lena chleachtas náisiúnta.

Airteagal 17

Fostaíocht

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag iarratasóirí ar mhargadh an tsaothair tráth nach déanaí ná 6 mhí ón dáta a ndearnadh an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú ar choinníoll nach bhfuil cinneadh riaracháin déanta ag an údarás inniúil agus nach é nó í an t-iarratasóir is cúis leis an moill.

I gcás ina bhfuil an Ballstát tar éis an scrúdú ar thuillteanais an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a bhrostú i gcomhréir le hAirteagal 42(1), pointí (a) go (f), de Rialachán (AE) .../...⁺, ní dhéanfar rochtain ar mhargadh an tsaothair a dheonú nó, má deonaíodh í cheana, déanfar í a tharraingt siar.

2. Maidir le hiarratasóirí a bhfuil rochtain acu ar mhargadh an tsaothair i gcomhréir le mír 1, áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain éifeachtach acu ar mhargadh an tsaothair i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Ar chúiseanna a bhaineann le beartais mhargaidh saothair, lena n-áirítear maidir le leibhéil difhostaíochta i measc na hóige, féadfaidh na Ballstáit a fhíorú an bhféadfaí folúntas sonrach a bhfuil fostóir ag smaoineamh ar é a líonadh le hiarratasóir a bhfuil rochtain aige nó aici ar mhargadh an tsaothair i gcomhréir le mír 1 a líonadh le náisiúnaigh an Bhallstáit lena mbaineann, le saoránaigh eile de chuid an Aontais, nó le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát a bhfuil cónaí dleathach orthu sa Bhallstát sin. Má mheasann an Ballstát go bhféadfadh daoine den sórt sin an folúntas sonrach a líonadh, féadfaidh an Ballstát nó an fostóir diúltú don iarratasóir a fhostú le haghaidh an fholúntais sin.

3. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh ag iarratasóirí a bhfuil rochtain acu ar mhargadh an tsaothair i gcomhréir le mír 1 cóir atá comhionann lena náisiúnaigh féin i dtaca leis na nithe seo a leanas:

- (a) téarmaí fostaíochta, an aois íosta oibre agus dálaí oibre, lena n-áirítear pá agus dífhostú, uaireanta oibre, saoire agus laethanta saoire, chomh maith le ceanglais sláinte agus sábháilteachta ag an áit oibre;

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 16/24 (2016/0224A(COD)).

- (b) saoirse comhlachais agus cleamhnachta agus ballraíochta in eagraíocht a dhéanann ionadaíocht d'oibrithe nó d'fhostóirí nó in aon eagraíocht a bhfuil a comhaltaí rannpháirteach i slí bheatha shonrach, lena n-áirítear na tairbhí a thugann eagraíochtaí den sórt sin, gan dochar do na forálacha náisiúnta maidir le beartas poiblí agus slándáil phoiblí;
- (c) oideachas agus gairmoiliúint, lena n-áirítear cúrsaí oiliúna chun scileanna a fheabhsú, taithí phraiticiúil san áit oibre agus seirbhísí treorach fostaíochta;
- (d) dioplómaí, teastais agus cruthúnais eile ar cháilíochtaí foirmiúla a aithint i gcomhthéacs na nósanna imeachta atá ann cheana chun cáilíochtaí eachtracha a aithint; agus
- (e) rochtain ar scéimeanna iomchuí chun torthaí réamhfhoghlama iarratasóirí agus taithí a bhí ag iarratasóirí roimhe sin a mheasúnú, a bhailíochtú agus a aithint.

4. Féadfaidh Ballstáit srian a chur le cóir chomhionann na n-iarratasóirí a bhfuil rochtain acu ar mhargadh an tsaothair i gcomhréir le mír 1:

- (a) maidir le mír 3, pointe (b), trína n-eisiamh ó pháirt a ghlacadh i mbainistiú comhlachtaí a rialaítear leis an dlí poiblí agus ó oifig a rialaítear leis an dlí poiblí a shealbhú;

- (b) maidir le mír 3, pointe (c), trí na nithe seo a leanas a eisiámh:
- (i) deontais agus iasachtaí a bhaineann le hoideachas agus gairmoiliúint agus íocaíocht táillí i gcomhréir leis an dlí náisiúnta i ndáil le rochtain ar oideachas ollscoile nó iar-mheánscoile; agus
 - (ii) oideachas agus gairmoiliúint nach soláthraítear faoi chuimsiú conradh fostaíochta atá ann cheana, lena n-áirítear nuair a sholáthraítear é chun fostaíocht a chur chun cinn;
- (c) maidir le mír 3, pointe (d) nó (e), trí bhíthin gan cóir chomhionann a dheonú ar feadh 3 mhí ar a laghad ón dáta a ndearnadh an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú.
5. Maidir le hiarratasóirí atá fostaithe nó, bunaithe ar fhostaíocht roimhe sin, i dteideal sochair slándála sóisialta, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cóir acu atá comhionann lena náisiúnaigh féin maidir le brainsí den tslándáil shóisialta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004.
6. Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 1231/2010, féadfaidh na Ballstáit srian a chur le cóir chomhionann faoi mhír 5 den Airteagal seo trí shochair slándála sóisialta a eisiámh nach bhfuil ag brath ar thréimhsí fostaíochta ná ar ranníocaíochtaí.

7. Maidir leis an gceart chun córa comhionainne de bhun an Airteagail seo, ní eascróidh as sin an ceart chun cónaí i gcásanna ina bhfuil ceart fanachta an iarratasóra foirceanta ag cinneadh a rinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) .../...⁺.
8. Chun críocha mhír 3, pointe (d), den Airteagal seo, agus gan dochar d'Airteagail 2(2) agus 3(3) de Threoir 2005/36/CE, éascóidh na Ballstáit, a mhéid is féidir, rochtain iomlán ar nósanna imeachta atá ann cheana chun cáilíochtaí eachtracha a aithint d'iarratasóirí nach féidir leo fianaise dhoiciméadach ar a gcáilíochtaí a sholáthar.
9. Ní dhéanfar rochtain ar mhargadh an tsaothair a tharraingt siar le linn nós imeachta achomhairc i gcás ina bhfuil an ceart ag an iarratasóir fanacht ar chríoch an Bhallstáit le linn an nós imeachta sin agus go dtí go dtabharfar fógra faoi chinneadh diúltach ar an achomharc.

Airteagal 18

Cúrsaí teanga agus gairmoiliúint

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag iarratasóirí ar chúrsaí teanga, ar chúrsaí oideachais saoránaíochta nó ar chúrsaí gairmoiliúna a measann na Ballstáit sin a bheith iomchuí chun cabhrú le feabhas a chur ar chumas iarratasóirí gníomhú go neamhspleách, idirghníomhú leis na húdaráis inniúla nó fostaíocht a aimsiú, nó, ag brath ar an gcóras náisiúnta, éascóidh na Ballstáit rochtain ar chúrsaí den sórt sin, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil rochtain ag iarratasóirí ar mhargadh an tsaothair i gcomhréir le hAirteagal 17.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 16/24 (2016/0224A(COD)).

I gcás ina bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag iarratasóirí, féadfaidh na Ballstáit a cheangal orthu costas na gcúrsaí dá dtagraítear sa chéad mhír a chumhdach nó rannchuidiú leis.

Airteagal 19

Rialacha ginearálta maidir le dálaí glactha ábharacha agus cúram sláinte

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh dálaí glactha ábharacha ar fáil d'iarratasóirí ón uair a dhéanann siad a n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) .../...⁺.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar leis na dálaí glactha ábharacha agus cúram sláinte a fhaightear i gcomhréir le hAirteagal 22 caighdeán leordhóthanach maireachtála do na hiarratasóirí, a ráthaíonn a gcothabháil, a chosnaíonn a sláinte fhisiciúil agus mheabhrach agus a urramaíonn a gcearta faoin gCairt.

Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar an caighdeán leordhóthanach maireachtála dá dtagraítear sa chéad fhomhír i staid shonrach iarratasóirí ag a bhfuil riachtanais ghlaitha speisialta agus i ndáil le staid na ndaoine atá faoi choinneáil.

3. Féadfaidh na Ballstáit soláthar na ndálaí glactha ábharacha uile, nó cuid díobh, a chur faoi réir an choinníll nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag na hiarratasóirí chun caighdeán leordhóthanach maireachtála a bheith acu dá dtagraítear i mír 2.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 16/24 (2016/0224A(COD)).

4. Gan dochar do mhír 2, féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar na hiarratasóirí costas na ndálaí glactha ábharacha a chumhdach nó rannchuidiú leis, i gcás ina bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag na hiarratasóirí sin chun é sin a dhéanamh, mar shampla má bhí siad ag obair ar feadh tréimhse réasúnta ama.

Gan dochar do mhír 2, féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar na hiarratasóirí freisin costas an chúraim sláinte a fuarthas a chumhdach nó rannchuidiú leis, i gcás ina bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag na hiarratasóirí sin chun é sin a dhéanamh, ach amháin i gcás ina gcuirtear an cúram sláinte ar fáil saor in aisce do náisiúnaigh na mBallstát sin.

5. Má tharlaíonn sé go raibh acmhainní leordhóthanacha ag iarratasóir chun costas na ndálaí glactha ábharacha nó costas an chúraim sláinte a fuarthas a chumhdach i gcomhréir le mír 4 ag an tráth a raibh caighdeán leordhóthanach maireachtála á sholáthar don iarratasóir, féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar an iarratasóir costas na ndálaí glactha ábharacha sin nó costas an chúraim sláinte sin a aisíoc.
6. Nuair atá measúnú á dhéanamh ar acmhainní iarratasóra, nuair a cheanglaítear ar iarratasóir costas na ndálaí glactha ábharacha agus costas an chúraim sláinte a fuarthas a chumhdach nó rannchuidiú leis nó nuair a cheanglaítear ar an iarratasóir costais a aisíoc i gcomhréir le mír 5, urramóidh na Ballstáit prionsabal na comhréireachta. Déanfaidh na Ballstáit imthosca aonair an iarratasóra a chur san áireamh mar aon leis an ngá urraim a léiriú dá dhínit nó dá dínit nó dá iomláine phearsanta nó dá hiomláine phearsanta, lena n-áirítear riachtanais ghlaetha speisialta an iarratasóra.

7. I gcás ina soláthraíonn Ballstáit dálaí glactha ábharacha i bhfoirm liúntais airgeadais nó dearbhán, déanfar méid na liúntas nó na ndearbhán sin a chinneadh ar bhonn na leibhéil atá bunaithe sa Bhallstát lena mbaineann, bíodh sin le dlí nó le cleachtas, chun caighdeán leordhóthanach maireachtála a áirithiú do náisiúnaigh. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht um Thearmann ar an eolas faoi na leibhéil sin. Féadfaidh na Ballstáit cóir nach bhfuil chomh fabhrach a dheonú d'iarratasóirí i gcomparáid le náisiúnaigh ina leith sin, go háirithe nuair a dhéantar an tacaíocht ábharach a sholáthar go hiomlán nó go páirteach mar thacaíocht chomhchineáil nó i gcás inarb é an aidhm atá leis na leibhéil a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh náisiúnach a áirithiú go bhfuil caighdeán maireachtála acu atá níos airde ná an caighdeán maireachtála a cheanglaítear faoin Treoir seo d'iarratasóirí.

Airteagal 20

Socruithe maidir le dálaí glactha ábharacha

1. I gcás ina soláthraíonn Ballstáit tithíocht i gcomhchineál, áiritheoidh siad go gcuirfidh tithíocht den sórt sin caighdeán leordhóthanach maireachtála ar fáil don iarratasóir i gcomhréir le hAirteagal 19(2) chomh maith leis an tacaíocht is gá chun riachtanais ghlaclaí speisialta na n-iarratasóirí a chur san áireamh. Is i gceann amháin de na foirmeacha seo a leanas, nó i dteaghlaim díobh, a bheidh an tithíocht a sholáthraítear:
- (a) áitreabh a úsáidtear chun cóiríocht a chur ar fáil d'iarratasóirí le linn an scrúdaithe a dhéantar ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéantar ag an teorainn nó i gcriosanna idirthurais;
 - (b) ionaid chóiríochta;
 - (c) tithe príobháideacha, árasáin, óstáin nó áitribh eile atá oiriúnaithe chun cóiríocht a chur ar fáil d'iarratasóirí.

2. Gan dochar d'aon choinníollacha sonracha coinneála dá bhforáiltear in Airteagail 12 agus 13, maidir le tithíocht dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (c), den Airteagal seo, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:
- (a) go ráthófar cosaint do shaol teaghlaigh iarratasóirí;
 - (b) go mbeidh an deis ag iarratasóirí cumarsáid a dhéanamh le gaolta, comhairleoirí dlí nó comhairleoirí, daoine a dhéanann ionadaíocht do UNHCR agus eagraíochtaí agus comhlachtaí náisiúnta, idirnáisiúnta agus neamhrialtasacha ábhartha eile;
 - (c) go ndeonófar rochtain ar an tithíocht a sholáthraítear do bhaill teaghlach, comhairleoirí dlí nó comhairleoirí, do dhaoine a dhéanann ionadaíocht do UNHCR agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha atá aitheanta ag an mBallstát lena mbaineann ionas gur féidir leo cúnamh a thabhairt do na hiarratasóirí; ní fhéadfar teorainneacha a chur le rochtain den sórt sin ach amháin ar fhorais a bhaineann le slándáil an áitribh agus na n-iarratasóirí.
3. Déanfaidh na Ballstáit gnéithe a bhaineann go sonrach le hinscne agus le haois agus staid iarratasóirí ag a bhfuil riachtanais ghlactha speisialta a chur san áireamh agus dálaí glactha ábharacha á soláthar.
4. Agus tithíocht á soláthar i gcomhréir le mír 1, déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun a áirithiú, a mhéid is féidir, go gcuirtear cosc le hionsaithe agus foréigean, lena n-áirítear foréigean a dhéantar ar chúis ghnéasach, inscne, chiníoch nó reiligiúnach.

5. I gcás ina gcuirtear iarratasóirí baineanna in ionaid chóiríochta, cuirfidh na Ballstáit saoráidí sláintíochta ar leithligh agus áit shábháilte sna hionaid sin ar fáil dóibh féin agus dá leanaí mionaoiseacha.
6. Áiritheoidh na Ballstáit, a mhéid is féidir, go gcuirfear iarratasóirí spleácha ar daoine fásta iad ag a bhfuil riachtanais ghlaetha speisialta sa chóiríocht chéanna le garghaolta ar daoine fásta iad atá i láthair sa Bhallstát céanna cheana féin agus atá freagrach astu, cibé acu de réir dhlí nó chleachtas an Bhallstáit lena mbaineann.
7. Áiritheoidh na Ballstáit nach n-aistreofar iarratasóirí ó shaoráid tithíochta amháin go ceann eile ach amháin más gá. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir leis an deis a thabhairt d'iarratasóirí a gcomhairleoirí dlí nó a gcomhairleoirí a chur ar an eolas faoin aistriú agus faoina seoladh nua.
8. Daoine a sholáthraíonn dálaí glaetha ábharacha, lena n-áirítear daoine a sholáthraíonn cúram sláinte agus oideachas in ionaid chóiríochta, beidh siad oile go leordhóthanach agus beidh siad faoi cheangal ag na rialacha rúndachta dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta maidir le haon fhaisnéis a fhaigheann siad le linn a gcuid oibre dóibh.
9. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirt a thabhairt d'iarratasóirí i mbainistiú na n-acmhainní ábharacha agus ghnéithe neamhabharacha an tsaoil san ionad cóiríochta trí bhord comhairleach nó trí chomhairle a dhéanann ionadaíocht do na háitritheoirí. Gan dochar d'Airteagal 17, féadfaidh na Ballstáit a cheadú d'iarratasóirí freisin obair dheonach a dhéanamh lasmuigh den ionad cóiríochta faoi réir choinníollacha an dlí náisiúnta.

10. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus ar feadh tréimhse réasúnta a bheidh chomh gearr agus is féidir, féadfaidh na Ballstáit dálaí glactha ábharacha atá éagsúil leis na dálaí dá bhforáiltear san Airteagal seo a sholáthar ar bhonn eisceachtúil sna cásanna seo a leanas:

- (a) tá gá le measúnú ar riachtanais ghlaetha speisialta an iarratasóra, i gcomhréir le hAirteagal 25;
- (b) tá na hacmhainneachtaí tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth ídithe ar bhonn sealadach nó, mar thoradh ar líon díreireach daoine nach mór cóiríocht a chur ar fáil dóibh nó mar thoradh ar thubaiste de dhéantús an duine nó tubaiste nádúrtha, níl na hacmhainneachtaí tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth ar fáil go sealadach.

Leis na dálaí glactha ábharacha éagsúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, áiritheofar, in aon chás, rochtain ar chúram sláinte i gcomhréir le hAirteagal 22 agus caighdeán maireachtála do gach iarratasóir i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear an Chairt, agus oibleagáidí idirnáisiúnta.

I gcás ina soláthraíonn Ballstát dálaí glactha ábharacha éagsúla i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo, cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht um Thearmann ar an eolas gan mhoill i gcomhréir le hAirteagal 32(2) faoi ghníomhachtú a phlean theagmhasaigh. Cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht um Thearmann ar an eolas freisin a luaithe nach ann a thuilleadh do na cúiseanna ar soláthraíodh na dálaí ábharacha éagsúla sin.

Airteagal 21

Dálaí glactha i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil sé de cheangal ar an iarratasóir a bheith i láthair

Ón uair a thabharfar fógra d'iarratasóirí faoi chinneadh iad a aistriú chuig an mBallstát atá freagrach i gcomhréir le Rialachán (AE) .../...⁺, ní bheidh siad i dteideal na ndálaí glactha a leagtar amach in Airteagail 17 go 20 den Treoir seo in aon Bhallstát seachas an Ballstát ina bhfuil sé de cheangal orthu a bheith i láthair i gcomhréir le Rialachán (AE) .../...⁺. Ní dochar an méid sin don ghá caighdeán maireachtála a áirithiú i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear an Chairt, agus oibleagáidí idirnáisiúnta.

Ach amháin i gcás ina n-eisítear cinneadh ar leithligh, luafar sa chinneadh aistrithe gur tarraingíodh siar na dálaí glactha ábhartha i gcomhréir leis an Airteagal seo. Cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas faoina chuid nó faoina cuid ceart agus oibleagáidí i ndáil leis an gcinneadh sin.

Airteagal 22

Cúram sláinte

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh iarratasóirí, gan beann ar an áit ina bhfuil sé de cheangal orthu a bheith i láthair i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. .../...⁺, an cúram sláinte is gá, bíodh sin soláthraithe ag cleachtóirí ginearálta nó, i gcás ina bhfuil gá leis, ag speisialtóirí. Beidh cúram sláinte is gá den sórt sin ar chaighdeán leormhaith agus áireofar ann, ar a laghad, cúram éigeandála, cóireáil riachtanach galar, lena n-áirítear cóireáil riachtanach neamhord meabhrach tromchúiseach, agus cúram sláinte gnéis agus atáirgthe atá riachtanach chun dul i ngleic le riocht fisiciúil tromchúiseach.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 21/24 (2020/0279(COD)).

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh leanaí mionaoiseacha iarratasóirí agus iarratasóirí ar mionaoisigh iad an cineál céanna cúraim sláinte a sholáthraítear dá náisiúnaigh féin ar mionaoisigh iad. Maidir le cóireáil shonrach a sholáthraítear i gcomhréir leis an Airteagal seo agus a thosaigh sular shroich an mionaoiseach lánaois agus a mheastar a bheith riachtanach, áiritheoidh na Ballstáit go bhfaightear í gan bhriseadh nó gan mhoill tar éis don mhionaoiseach lánaois a shroicheadh.
3. I gcás inar gá ar chúiseanna leighis, soláthróidh na Ballstáit cúnamh riachtanach leighis nó cúnamh eile, amhail athshlánú riachtanach agus feistí cunta leighis, d'iarratasóirí ag a bhfuil riachtanais ghlaetha speisialta, lena n-áirítear cúram sláinte meabhraí iomchuí.

Caibidil III

Dálaí glactha ábharacha a laghdú nó a tharraingt siar

Airteagal 23

Dálaí glactha ábharacha a laghdú nó a tharraingt siar

1. Maidir le hiarratasóirí a bhfuil sé de cheangal orthu a bheith i láthair ar a gcríoch i gcomhréir le hAirteagal 17(4) de Rialachán (AE) Uimh. .../...⁺, féadfaidh na Ballstáit an liúntas speansas laethúil a laghdú nó a tharraingt siar.

Má tá údar cuí leis agus má tá sé comhréireach, féadfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh freisin:

- (a) dálaí glactha ábharacha eile a laghdú, nó

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 21/24 (2020/0279(COD)).

- (b) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír 2, pointe (e), dálaí glactha ábharacha eile a tharraingt siar.

2. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh i gcomhréir le mír 1 i gcás:

- (a) ina dtréigean iarratasóir limistéar geografach inar féidir leis an iarratasóir gluaiseacht faoi shaoirse i gcomhréir le hAirteagal 8 nó an áit chónaithe in áit shonrach arna hainmniú ag an údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 9 gan chead, nó ina n-éalaíonn iarratasóir;
- (b) nach gcomhoibríonn iarratasóir leis na húdaráis inniúla, nó nach gcomhlíonann iarratasóir na ceanglais nós imeachta atá bunaithe acu;
- (c) ina bhfuil iarratas iardain taiscthe ag iarratasóir mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (19), de Rialachán (AE) .../...⁺;
- (d) ina bhfuil acmhainní airgeadais ceilte ag iarratasóir, agus inar bhain an t-iarratasóir tairbhe mhíchuí as dálaí glactha ábharacha mar thoradh air sin;
- (e) ina bhfuil rialacha an ionaid cóiríochta sáraithe go tromchúiseach nó go leanúnach ag iarratasóir nó inar iompair iarratasóir é nó í féin ar bhealach atá foréigneach nó bagartha san ionad cóiríochta; nó
- (f) ina mainníonn iarratasóir páirt a ghlacadh i mbearta lánpháirtíochta éigeantacha, i gcás ina ndéanann an Ballstát iad a sholáthar nó a éascú, mura bhfuil imthosca ann nach bhfuil neart ag an iarratasóir orthu.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 16/24 (2016/0224A(COD)).

3. I gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag Ballstát i gcás dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), (b) nó (f), agus nach ann a thuilleadh do na himthosca ar a raibh an cinneadh sin bunaithe, breithneoidh sé an bhféadfar roinnt de na dálaí glactha ábharacha a tarraingíodh siar nó a laghdaíodh, nó na dálaí glactha ábharacha ar fad, a athbhunú. I gcás nach ndéantar na dálaí glactha ábharacha ar fad a athbhunú, déanfaidh an Ballstát cinneadh a bhfuil údar cuí leis agus tabharfaidh sé fógra don iarratasóir ina leith.
4. Déanfar cinntí i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo ar thuillteanais an cháis aonair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta agus luafar iontu na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe. Beidh na cinntí bunaithe ar staid shonrach an iarratasóra, go háirithe a mhéid a bhaineann le hiarratasóirí ag a bhfuil riachtanais ghlactha speisialta, agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh. Áiritheoidh na Ballstáit rochtain ar chúram sláinte i gcomhréir le hAirteagal 22 agus áiritheoidh siad caighdeán maireachtála i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear an Chairt, agus oibleagáidí idirnáisiúnta do gach iarratasóir.
5. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar dálaí glactha ábharacha a tharraingt siar ná a laghdú sula ndéanfar cinneadh i gcás dá dtagraítear i mír 2.

Caibidil IV

Forálacha le haghaidh iarratasóirí ag a bhfuil riachtanais ghlactha speisialta

Airteagal 24

Iarratasóirí ag a bhfuil riachtanais ghlactha speisialta

Cuirfidh na Ballstáit san áireamh staid shonrach na n-iarratasóirí ag a bhfuil riachtanais ghlactha speisialta.

Tabharfaidh na Ballstáit dá n-aire gur mó seans go mbeidh riachtanais ghlactha speisialta ag iarratasóirí áirithe amhail iad siúd a thagann faoi réim aon cheann de na catagóirí seo a leanas:

- (a) mionaoisigh;
- (b) mionaoisigh neamhthionlactha;
- (c) daoine faoi mhíchumas;
- (d) daoine scothaosta;
- (e) mná torracha;
- (f) daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha;
- (g) tuismitheoirí aonair a bhfuil leanaí mionaoiseacha acu;
- (h) íospartaigh na gáinneála ar dhaoine;
- (i) daoine a bhfuil tinnis thromchúiseacha orthu;
- (j) daoine a bhfuil neamhoird mheabhracha orthu, lena n-áirítear neamhord struis iarthrámach;
- (k) daoine a ndearnadh céasadh, éigniú nó cineálacha tromchúiseacha eile foréigin shíceolaíoch, fhisiciúil nó ghnéasaigh orthu, mar shampla íospartaigh foréigin inscnebhunaithe, ciorraithe ball giniúna ban, pósta leanaí nó pósta éigeantais, nó a ndearnadh foréigean orthu a rinneadh ar chúis ghnéasach, inscne, chiníoch nó reiligiúnach.

Airteagal 25

Measúnú ar riachtanais ghlactha speisialta

1. Chun Airteagal 24 a chur chun feidhme go héifeachtach, déanfaidh na Ballstáit, a luaithe is féidir tar éis iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh, measúnú ar bhonn aonair an bhfuil riachtanais ghlactha speisialta ag an iarratasóir, trí úsáid a bhaint as aistriúchán ó bhéal i gcás inar gá.

Féadfar an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a chomhtháthú sna nósanna imeachta náisiúnta atá ann cheana nó sa mheasúnú dá dtagraítear in Airteagal 20 de Rialachán (AE) .../...⁺.

Cuirfear tús leis an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo trí riachtanais ghlactha speisialta a shainaithint bunaithe ar chomharthaí infheicthe nó ar ráitis nó iompar na n-iarratasóirí nó, i gcás inarb infheidhme, ráitis ó thuismitheoirí nó ó ionadaí an iarratasóra.

Déanfar an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a chur i gcrích laistigh de 30 lá ón iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a bheith déanta nó, i gcás ina bhfuil sé comhtháite sa mheasúnú dá dtagraítear in Airteagal 20 de Rialachán (AE) .../..., laistigh den tréimhse ama a leagtar amach sa Rialachán sin, agus tabharfar aghaidh ar na riachtanais ghlactha speisialta arna sainaithint ar bhonn an mheasúnaithe sin.

I gcás inar léir go bhfuil gá le riachtanais ghlactha speisialta ag céim níos déanaí sa nós imeachta maidir le cosaint idirnáisiúnta, déanfaidh na Ballstáit measúnú ar na riachtanais sin agus tabharfaidh siad aghaidh orthu.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 16/24 (2016/0224A(COD)).

Maidir leis an tacaíocht a thugtar d'iarratasóirí ag a bhfuil riachtanais ghlactha speisialta i gcomhréir leis an Treoir seo, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear a gcuid riachtanas glactha speisialta san áireamh sa tacaíocht sin ar feadh ré an nós imeachta maidir le cosaint idirnáisiúnta agus forálfaidh na Ballstáit d'fhaireachán iomchuí ar staid na n-iarratasóirí sin.

2. Chun críocha mhír 1, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas i dtaobh na foirne a dhéanann measúnú ar riachtanais ghlactha speisialta i gcomhréir leis an Airteagal seo:
 - (a) go bhfuil siad oilte agus go leanfar dá n-oiliúint chun comharthaí a bhrath maidir le riachtanais ghlactha speisialta a bheith ag iarratasóir agus chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin nuair a shainaithnítear iad;
 - (b) go gcuireann siad faisnéis maidir le cineál riachtanais ghlactha speisialta an iarratasóra i gcomhad an iarratasóra atá i seilbh na n-údarás inniúil, mar aon le tuairisc ar na comharthaí infheicthe nó ar ráitis nó iompar na n-iarratasóirí atá ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais ghlactha speisialta na n-iarratasóirí chomh maith leis na bearta a sainaithníodh chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin agus na húdaráis atá freagrach as aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin; agus
 - (c) faoi réir toiliú roimh ré i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, go ndéanann siad iarratasóirí a chur chuig an liachleachtóir iomchuí nó chuig an síceolaí iomchuí chun measúnú breise a dhéanamh ar a staid shíceolaíoch agus fhisiciúil i gcás inar cosúil go bhféadfadh a sláinte mheabhrach nó fhisiciúil difear a dhéanamh dá riachtanais ghlactha; i gcás inar gá, déanfaidh gairmithe a fuair oiliúint san aistriúchán aistriúchán ó bhéal a sholáthar chun a áirithiú go bhfuil an t-iarratasóir in ann cumarsáid a dhéanamh leis an bhfoireann leighis; i gcás ina bhféadfadh easpa gairmithe oilte den sórt sin moill a chur ar an gcóireáil, féadfaidh daoine fásta eile aistriúchán ó bhéal a chur ar fáil, faoi réir thoiliú an iarratasóra.

Cuirfidh na húdaráis inniúla toradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i bpointe (c) san áireamh agus iad ag déanamh cinneadh maidir leis an gcineál tacaíochta glactha speisialta a fhéadfar a thabhairt don iarratasóir.

3. Ní gá gur nós imeachta riaracháin a bheadh sa mheasúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1.
4. Is iarratasóirí ag a bhfuil riachtanais ghlactha speisialta, agus iadsan amháin, a fhéadfaidh tairbhiú den tacaíocht shonrach a thugtar i gcomhréir leis an Treoir seo.
5. Ní dochar an measúnú dá bhforáiltear sa chéad fhomhír de mhír 1 don mheasúnú ar riachtanais chosanta idirnáisiúnta de bhun Rialachán (AE) .../...⁺.

Airteagal 26

Mionaoisigh

1. Tabharfaidh na Ballstáit tús áite do leas an linbh agus forálacha na Treorach seo, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do mhionaoisigh, á gcur chun feidhme acu. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh caighdeán maireachtála ag mionaoisigh ar leor é ar mhaithe le forbairt choirp, mheabhrach, spioradálta, mhorálta agus shóisialta an mhionaoisigh.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 70/23 (2016/0223(COD)).

2. Agus measúnú á dhéanamh ar leas an linbh, cuirfidh na Ballstáit na tosca seo a leanas go háirithe san áireamh:
- (a) féidearthachtaí maidir le teaghlaigh a athaontú;
 - (b) folláine agus forbairt shóisialta an mhionaoisigh, agus aird ar leith á tabhairt ar chúlra an mhionaoisigh agus ar an ngá le cobhsaíocht agus leanúnachas maidir le cúram;
 - (c) cúinsí slándála agus sábháilteachta, go háirithe i gcás ina bhfuil riosca ann gur íospartach aon chineáil foréigin nó dúshaothraithe, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, é nó í an mionaoiseach;
 - (d) tuairimí an mhionaoisigh i gcomhréir lena aois nó lena haois agus lena leibhéal aibíochta.
3. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag mionaoisigh ar ghníomhaíochtaí fóillíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí súgartha agus áineasa atá oiriúnach dá n-aois, agus ar ghníomhaíochtaí faoin aer laistigh de na háitribh agus de na hionaid chóiríochta dá dtagraítear in Airteagal 20(1), pointí (a) agus (b), chomh maith le rochtain ar ábhair scolaíochta i gcás inar gá.
4. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ar sheirbhísí athshlánúcháin ag mionaoisigh ar baineadh aon chineál mí-úsáide astu, a ndearnadh aon chineál faillí iontu, a ndearnadh dúshaothrú orthu ar aon bhealach, a céasadh ar aon bhealach, nó ar tugadh aon chineál íde dóibh a bhí cruálach, mídhonna nó táireach, nó a d'fhulaing de dheasca coinbhleachtaí armtha, agus áiríteoidh siad go bhforbrófar cúram sláinte meabhraí iomchuí agus go gcuirfear comhairleoireacht cháilithe ar fáil i gcás inar gá.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar leanaí mionaoiseacha iarratasóirí nó iarratasóirí ar mionaoisigh iad a chur i gcóiríocht in éineacht lena dtuismitheoirí nó leis an duine fásta atá freagrach astu agus as a siblí n mionaoiseacha neamhphósta, cibé acu de réir dhlí nó chleachtas an Bhallstáit lena mbaineann, ar choinníoll gur chun leas na mionaoiseach lena mbaineann é.
6. Maidir le daoine atá ag obair le mionaoisigh, lena n-áirítear ionadaithe agus daoine atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaithe dá dtagraítear in Airteagal 27, ní bheidh taifead de chuireanna nó cionta a bhaineann le leanaí acu, ná de chuireanna nó cionta a chaithfeadh móramhras ar a gcumas ról freagrachta i leith mionaoiseach a ghlacadh chucu féin, agus cuirfear oiliúint iomchuí tosaigh agus leanúnach orthu maidir le cearta agus riachtanais mionaoiseach, lena n-áirítear na cearta agus na riachtanais sin a bhaineann le haon chaighdeán chosanta leanaí is infheidhme, agus beidh siad faoi cheangal na rialacha rúndachta dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta maidir le haon fhaisnéis a fhaigheann siad agus iad i mbun oibre.

Airteagal 27

Mionaoisigh neamhthionlactha

1. Duine a mhaíonn gur mionaoiseach é nó í, nó a bhfuil forais oibiachtúla ann ina leith lena chreidiúint gur mionaoiseach an duine sin, i gcás ina ndéanann duine den sórt sin iarratas, ainmneoidh na Ballstáit:
 - (a) duine atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaí faoin Treoir seo go dtí go gceapfar ionadaí;

- (b) ionadaí a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 15 lá oibre ón dáta a dhéantar an t-iarratas.

Buailfidh an t-ionadaí agus an duine atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaí leis an mionaoiseach neamhthionlactha agus déanfaidh siad tuairimí an mhionaoisigh féin faoina chuid riachtanas nó faoina cuid riachtanas a chur san áireamh.

I gcás ina bhfuil measúnú déanta ag Ballstát, maidir le duine a mhaíonn gur mionaoiseach é nó í agus nach bhfuil aon amhras ná go bhfuil an duine sin os cionn 18 mbliana d'aois, ní gá don Bhallstát sin ionadaí a cheapadh nó duine a ainmniú atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaí a cheapadh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír nó an dara fhomhír, faoi seach.

Áireoidh na Ballstáit ina bpleananna teagmhasacha dá dtagraítear in Airteagal 32 bearta atá le déanamh chun a áirithiú go gceapfar ionadaithe agus go n-ainmneofar daoine atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaithe i gcomhréir leis an Airteagal seo i gcásanna ina bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar líon díréireach iarratas arna ndéanamh ag mionaoisigh neamhthionlactha.

I gcás inar neamhleor cur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear sa cheathrú fhomhír chun freagairt do líon díréireach iarratas arna ndéanamh ag mionaoisigh neamhthionlactha, nó i gcásanna eisceachtúla eile, féadfar ainmniú na n-ionadaithe a chur siar 10 lá oibre agus féadfar líon na mionaoiseach neamhthionlactha in aghaidh an ionadaí a mhéadú, go dtí suas le 50 mionaoiseach neamhthionlactha ar a mhéad.

Agus an cúigiú fomhír á cur i bhfeidhm, déanfaidh na Ballstáit an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht um Thearmann a chur ar an eolas dá réir.

Tiocfaidh deireadh le dualgais an ionadaí agus an duine atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaí i gcás nach nglacann na húdaráis inniúla leis, tar éis an mheasúnaithe aoise dá dtagraítear in Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) .../...⁺, gur mionaoiseach an t-iarratasóir nó i gcás ina measann siad nach mionaoiseach an t-iarratasóir, nó i gcás nach mionaoiseach neamhthionlactha an t-iarratasóir a thuilleadh.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an duine atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaí ar an eolas láithreach nuair a dhéanann mionaoiseach neamhthionlactha iarratas ar chosaint idirnáisiúnta faoi fhórais ábhartha ar bith a bhaineann leis an mionaoiseach sin. Daoine a bhfuil a leasanna i gcoinbhleacht nó a bhféadfadh a leasanna a bheith i gcoinbhleacht le leasanna an mhionaoisigh neamhthionlactha, ní dhéanfar iad a ainmniú mar dhuine atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaí. Cuirfear an mionaoiseach neamhthionlactha ar an eolas láithreach gur ainmníodh duine atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaí.
3. I gcás ina gceaptar eagraíocht mar ionadaí nó i gcás ina n-ainmnítear eagraíocht mar dhuine atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaí, ceapfaidh sí duine nádúrtha chun cúraimí an ionadaí i ndáil leis an mionaoiseach neamhthionlactha a dhéanamh i gcomhréir leis an Treoir seo.
4. Féadfar gurb ionann an t-ionadaí dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo agus an duine dá bhforáiltear in Airteagal 23(2) de Rialachán (AE) .../...⁺.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 16/24 (2016/0224A(COD)).

5. Déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas láithreach:
- (a) an mionaoiseach neamhthionlactha a chur ar an eolas gur ceapadh ionadaí dó nó di agus conas gearán a dhéanamh i gcoinne an ionadaí sin go rúnda agus go sábháilte ar bhealach atá oiriúnach d'aois an mhionaoisigh agus ar bhealach lena n-áirithítear go dtuigeann an mionaoiseach an fhaisnéis sin;
 - (b) an t-údarás atá freagrach as dálaí glactha a sholáthar a chur ar an eolas go bhfuil ionadaí ceaptha don mhionaoiseach neamhthionlactha; agus
 - (c) an t-ionadaí a chur ar an eolas faoi na fíorais ábhartha a bhaineann leis an mionaoiseach neamhthionlactha.
6. Ní athrófar an t-ionadaí ná an duine atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaí ach amháin i gcás inar gá sin, go háirithe nuair a mheasann na húdaráis inniúla nach ndearna an t-ionadaí ná an duine sin a chúraimí nó a cúraimí go leordhóthanach.
- Ní dhéanfar eagraíochtaí ná daoine nádúrtha a bhfuil a leasanna i gcoinbhleacht nó a bhféadfadh a leasanna a bheith i gcoinbhleacht le leasanna an mhionaoisigh neamhthionlactha a cheapadh mar ionadaí ná a ainmniú mar dhuine atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaí.
7. Cuirfidh na Ballstáit duine nádúrtha atá ceaptha mar ionadaí nó atá ainmnithe mar dhuine atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaí i gceannas ar líon comhréireach agus teoranta mionaoiseach neamhthionlactha agus, faoi ghnáth-imthosca, nach mó ná 30 mionaoiseach neamhthionlactha ag an am céanna, chun a áirithiú gur féidir leis an duine sin cúraimí a dhéanamh go héifeachtach.

8. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh údaráis riaracháin nó bhreithiúnacha nó eintitis eile ann a bheidh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú cuí na gcúraimí ag na hionadaithe agus ag daoine atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaithe, lena n-áirítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid choiriúla na n-ionadaithe ceaptha agus na ndaoine ainmnithe sin go tráthrialta chun neamhréireachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann lena ról a shainaithint. Déanfaidh na húdaráis riaracháin nó bhreithiúnacha sin nó na heintitis eile sin athbhreithniú ar ghearáin arna ndéanamh ag mionaoisigh neamhthionlactha i gcoinne a n-ionadaithe ceaptha nó a ndaoine ainmnithe.
9. Maidir le mionaoisigh neamhthionlactha a dhéanann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, déanfar iad a chur, ón tráth a ligtear isteach iad i gcríoch Ballstáit ina ndearnadh an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta nó ina bhfuil sé faoi scrúdú go dtí an tráth a mbeidh oibleagáid orthu an Ballstát sin a fhágáil:
- (a) le gaolta ar daoine fásta iad;
 - (b) le teaghlach altrama;
 - (c) in ionaid chóiríochta ina bhfuil socruithe speisialta do mhionaoisigh;
 - (d) i gcóiríocht eile atá oiriúnach do mhionaoisigh.

Féadfaidh na Ballstáit mionaoisigh neamhthionlactha atá 16 bliana d'aois nó os a chionn a chur in ionaid chóiríochta d'iarratasóirí ar daoine fásta iad, más chun a leasa é, dá bhforáiltear in Airteagal 26(2).

A mhéid is féidir, coimeádfar siblínní le chéile, agus leas an mhionaoisigh lena mbaineann agus, go háirithe, a aois nó a haois agus a leibhéal aibíochta á gcur san áireamh. Déanfar athruithe ar áit chónaithe mionaoiseach neamhthionlactha a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

10. Tosóidh na Ballstáit ar bhaill de theaghlach an mhionaoisigh neamhthionlactha a rianú, le cúnamh ó eagraíochtaí idirnáisiúnta nó ó eagraíochtaí ábhartha eile i gcás inar gá, a luaithe is féidir tar éis iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh, agus leas an mhionaoisigh neamhthionlactha sin á chosaint an tráth céanna. I gcás ina bhféadfadh baol a bheith ann do bheatha nó iomláine an mhionaoisigh nó garghaolta an mhionaoisigh, go háirithe más rud é gur fhan na garghaolta sin sa tír thionscnaimh, ní mór a bheith cúramach chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis a bhaineann leis na daoine sin a bhailiú, a phróiseáil agus a scaipeadh ar bhonn rúnda, ionas nach gcuirfear a sábháilteacht i mbaol.

Airteagal 28

Íospartaigh an chéasta agus an fhoréigin

1. Daoine ar a ndearnadh gáinneáil ar dhaoine, céasadh, éigniú nó gníomhartha tromchúiseacha eile d'fhoréigean síceolaíoch, fisiciúil nó gnéasach, lena n-áirítear foréigean a dhéantar ar chúis ghnéasach, inscne, chiníoch nó reiligiúnach, déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar do dhaoine den sórt sin an chóireáil leighis agus shíceolaíoch is gá agus an cúram leighis agus síceolaíoch is gá, lena n-áirítear seirbhísí athshlánúcháin agus comhairleoireacht i gcás inar gá, don damáiste arb iad gníomhaíochtaí den sórt sin is cúis leis. Cuirfear aistriúchán ó bhéal ar fáil do na daoine sin, i gcás inar gá, i gcomhréir le hAirteagal 25(2), pointe (c).

Tabharfar rochtain ar chóireáil agus cúram den sórt sin a luaithe is féidir tar éis riachtanais na ndaoine sin a shainaithint.

2. Maidir leis na daoine atá ag obair leis na daoine dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear gairmithe sláinte, cuirfear oiliúint iomchuí orthu agus leanfaidh siad d'oiliúint iomchuí a fháil maidir le riachtanais na ndaoine sin agus na gcóireálacha iomchuí, lena n-áirítear na seirbhísí athshlánúcháin is gá. Chomh maith leis sin, beidh siad faoi cheangal na rialacha rúndachta dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta agus sna cóid eitice gairmiúla is infheidhme maidir le haon fhaisnéis a fhaigheann siad agus iad i mbun a gcuid oibre.

Caibidil V

Leigheasanna

Airteagal 29

Achomhairc

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh cinntí a bhaineann le sochair a dheonú,, a tharraingt siar nó a laghdú faoin Treoir seo, cinntí lena ndiúltaítear an cead dá dtagraítear in Airteagal 8(5), an chéad fhomhír, a thabhairt nó cinntí a dhéantar faoi Airteagal 9 lena ndéantar difear d'iarratasóirí ar bhonn aonair a bheith faoi réir achomhairc laistigh de na nósanna imeachta a leagtar síos sa dlí náisiúnta. Maidir leis an gcás deireanach sin ar a laghad, deonófar an fhéidearthacht achomharc nó athbhreithniú a dhéanamh, ar phoncanna fíorasacha agus dlí, os comhair údarás breithiúnach.

2. I gcásanna ina ndéantar achomharc nó athbhreithniú os comhair údarás breithiúnach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, agus i gcás athbhreithniú breithiúnach dá dtagraítear in Airteagal 11(3) agus (5), áiríteoidh na Ballstáit go gcuirfear cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce ar fáil de réir mar is gá chun rochtain éifeachtach ar an gceartas a áirithiú. Le cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil den sórt sin, áireofar ullmhú an achomhairc nó na hiarrata ar athbhreithniú, lena n-áirítear, ar a laghad, ullmhú na ndoiciméad nós imeachta is gá, agus rannpháirtíocht san éisteacht os comhair na n-údarás breithiúnach thar ceann an iarratasóra.

Déanfaidh comhairleoirí dlí nó daoine cuícháilithe eile, arna n-aithint nó arna gceadú faoin dlí náisiúnta, nach bhfuil a leasanna i gcoinbhleacht nó nach bhféadfadh a leasanna a bheith i gcoinbhleacht le leasanna an iarratasóra cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a sholáthar.

3. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a dheonú sna cásanna seo a leanas:

- (a) tá acmhainní leordhóthanacha ag an iarratasóir; nó
- (b) meastar nach bhfuil aon ionchas dáiríre ann go n-éireoidh leis an achomharc nó leis an athbhreithniú, go háirithe má tá an t-achomharc nó an t-athbhreithniú ag an dara leibhéal den achomharc nó níos airde ná sin.

I gcás ina ndéanann údarás nach cúirt ná binse é cinneadh gan cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a dheonú ar an bhforas go meastar nach bhfuil aon ionchas dáiríre ann go n-éireoidh leis an achomharc nó leis an athbhreithniú, beidh an ceart ag an iarratasóir leigheas éifeachtach a fháil os comhair cúirte nó binse i gcoinne an chinnidh sin, agus chun na críche sin, beidh an t-iarratasóir i dteideal cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a iarraidh.

Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin nach ndeonófar cúnamh dlí ná ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce ach ag comhairleoirí dlí nó comhairleoirí eile arna n-ainmniú go sonrach faoin dlí náisiúnta chun cúnamh a thabhairt d'iarratasóirí nó chun ionadaíocht a dhéanamh dóibh nó ag eagraíochtaí neamhrialtasacha atá creidiúnaithe faoin dlí náisiúnta chun cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a sholáthar.

4. Féadfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh freisin:

- (a) teorainneacha airgeadaíochta nó teorainneacha ama a fhorchur maidir le cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a sholáthar, ar choinníoll nach gcuirfear, le teorainneacha den sórt sin, srian treallach leis an rochtain ar chúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce;
- (b) foráil a dhéanamh, i ndáil le táillí agus costais agus aisíocaíochtaí eile, go gcaithfear le hiarratasóirí, a mhéid a bhaineann le cúnamh dlí, ar bhealach atá chomh cothrom céanna leis an mbealach ina gcaitear lena náisiúnaigh i gcoitinne, ach an tráth céanna nach gcaithfear níos fabhraí leo.

5. Gan dochar d'Airteagal 19(2) den Treoir seo, féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go ndéanfar aon chostais arna dtabhú a aisíoc go hiomlán nó go páirteach i gcás ina bhfuil feabhas suntasach tagtha ar staid airgeadais an iarratasóra le linn an nós imeachta maidir le cosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le Rialachán (AE) .../...⁺ nó i gcás ina ndearnadh an cinneadh cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a sholáthar ar bhonn faisnéis bhréagach arna soláthar ag an iarratasóir.

6. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha sonracha nós imeachta lena rialaítear an bealach ina ndéantar iarrataí ar chúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a chomhdú agus a phróiseáil, nó déanfaidh siad rialacha atá ann cheana a chur i bhfeidhm maidir le héilimh intíre den chineál céanna, ar choinníoll nach bhfágfaidh na rialacha sin go mbeidh sé dodhéanta nó fíordheacair rochtain a fháil ar chúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 16/24 (2016/0224A(COD)).

Caibidil VI

Gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais glactha

Airteagal 30

Na húdaráis inniúla

Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún faoi na húdaráis atá freagrach as na hoibleagáidí a eascraíonn ó fhorfheidhmiú na Treorach seo a chomhlíonadh. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon athrú ar cé na húdaráis sin.

Airteagal 31

Córas treoraíochta, faireacháin agus rialaithe

1. Cuirfidh na Ballstáit, agus aird chuí á tabhairt acu ar a struchtúr bunreachtúil, sásraí ábhartha ar bun chun a áirithiú go mbunófar treoraíocht, faireachán agus rialú iomchuí i leith leibhéal na ndálaí glactha. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh caighdeáin oibríochtúla, táscairí, treoirlínte nó dea-chleachtais atá ar fáil agus neamhcheangailteach maidir le dálaí glactha arna bhforbairt ag an nGníomhaireacht um Thearmann i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/2303, gan dochar d'inniúlacht na mBallstát a gcórais ghlaitha a eagrú i gcomhréir leis an Treoir seo.
2. Beidh córais ghlaitha na mBallstát faoi réir an tsásra faireacháin a leagtar amach i gCaibidil 5 de Rialachán (AE) 2021/2303.

Airteagal 32

Pleanáil theagmhasach

1. Déanfaidh gach Ballstát plean teagmhasach a tharraingt suas i gcomhairle le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí. Leagfar amach sa phlean teagmhasach na bearta atá le déanamh chun a áirithiú go ndéanfar iarratasóirí a ghlacadh ar bhealach leordhóthanach i gcomhréir leis an Treoir seo i gcásanna ina bhfuil ar an mBallstát aghaidh a thabhairt ar líon díréireach iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, lena n-áirítear líon díréireach mionaoiseach neamhthionlactha. Áireofar sa phlean teagmhasach freisin bearta chun aghaidh a thabhairt ar chásanna dá dtagraítear in Airteagal 20(10), pointe (b), a luaithe is féidir.
2. Cuirfear san áireamh sa phlean teagmhasach dá dtagraítear i mír 1 na himthosca sonracha náisiúnta, trí úsáid a bhaint as teimpléad atá le forbairt ag an nGníomhaireacht um Thearmann, agus tabharfar fógra ina leith don Ghníomhaireacht um Thearmann faoin ... [10 mí o dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Déanfar athbhreithniú ar an bplean sin nuair is gá sin mar gheall ar imthosca athraithe agus gach 3 bliana ar a laghad agus, má dhéantar nuashonrú air, tabharfar fógra ina leith don Ghníomhaireacht um Thearmann. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht um Thearmann cibé uair a dhéantar an plean teagmhasach a ghníomhachtú.
3. Soláthróidh na Ballstáit faisnéis don Ghníomhaireacht um Thearmann, arna iarraidh sin di, maidir lena bpleananna teagmhasacha dá dtagraítear i mír 1 agus tabharfaidh an Ghníomhaireacht um Thearmann cúnamh do na Ballstáit, lena gcomhaontú, chun a bpleananna teagmhasacha a tharraingt suas agus chun athbhreithniú a dhéanamh orthu.

Airteagal 33

Foireann agus acmhainní

1. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun a áirithiú go mbeidh an oiliúint is gá maidir le riachtanais iarratasóirí, lena n-áirítear mionaoisigh, curtha ar fhoireann na n-údarás agus na n-eagraíochtaí eile atá freagrach go díreach as an Treoir seo a chur chun feidhme. Chuige sin, cuirfidh na Ballstáit san áireamh san oiliúint a chuirtear ar a bhfoireann croíchodanna ábhartha den churaclam Eorpach tearmainn a bhaineann le dálaí glactha agus an uirlis chun iarratasóirí ag a bhfuil riachtanais ghlaclaí speisialta a shainaithint a d'fhorbair an Ghníomhaireacht um Thearmann.
2. Déanfaidh na Ballstáit na hacmhainní is gá, lena n-áirítear an fhoireann, na haistritheoirí agus na hateangairí is gá, a leithdháileadh chun an Treoir seo a chur chun feidhme, agus luaineachtaí séasúracha i líon na n-iarratasóirí á gcur san áireamh. I gcás ina nglacann údaráis áitiúla agus réigiúnacha, an tsochaí shibhialta nó eagraíochtaí idirnáisiúnta páirt i gcur chun feidhme na Treorach seo, leithdháilfear na hacmhainní is gá orthu.

Airteagal 34

Faireachán agus meastóireacht

Faoi ... [48 mí o dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], agus gach 5 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo agus molfaidh sé aon leasuithe is gá.

An fhaisnéis is gá chun an tuarascáil a tharraingt suas, déanfaidh na Ballstáit í a sheoladh, arna iarraidh sin don Choimisiún faoin ... [36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin.

Airteagal 35

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagail 1 go 10, 12, 13, 17 go 29 agus 31 go 34 a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin ... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Áireofar iontu freisin ráiteas go ndéanfar tagairtí don Treoir a aisghairtear leis an Treoir seo i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin atá ann cheana a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo.

Cinnfidh na Ballstáit an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 36

Aisghairm

Aisghairtear Treoir 2013/33/AE, i dtaca leis na Ballstáit a bhfuil an Treoir seo ina ceangal orthu, le héifeacht ón ... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis an teorainn ama chun Treoir 2013/33/AE a leagtar amach in Iarscríbhinn I a thrasú sa dlí náisiúnta.

Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Airteagal 37

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 38

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna déanamh i/in/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

IARSCRÍBHINN I

Teorainneacha ama don trasuí sa dlí náisiúnta
(dá dtagraítear in Airteagal 35)

Treoir	Teorainn ama don trasuí
2013/33/AE	20 Iúil 2015

IARSCRÍBHINN II

Tábla comhghaoil

Treoir 2013/33/AE	An Treoir seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2, an fhoclaíocht tosaigh	Airteagal 2, an fhoclaíocht tosaigh
Airteagal 2, pointe (a)	Airteagal 2, pointe (1)
Airteagal 2, pointe (b)	Airteagal 2, pointe (2)
Airteagal 2, pointe (c)	Airteagal 2, pointe (3)
Airteagal 2, pointe (d)	Airteagal 2, pointe (4)
Airteagal 2, pointe (e)	Airteagal 2, pointe (5)
Airteagal 2, pointe (f)	Airteagal 2, pointe (6)
Airteagal 2, pointe (g)	Airteagal 2, pointe (7)
–	Airteagal 2, pointe (8)
Airteagal 2, pointe (h)	Airteagal 2, pointe (9)
Airteagal 2, pointe (i)	Airteagal 2, pointe (10)
–	Airteagal 2, pointe (11)
–	Airteagal 2, pointe (12)
Airteagal 2, pointe (j)	Airteagal 2, pointe (13)
Airteagal 2, pointe (k)	Airteagal 2, pointe (14)
Airteagal 3	Airteagal 3
Airteagal 4	Airteagal 4
Airteagal 5(1)	Airteagal 5(1), an chéad fhomhír agus an tríú fomhír
–	Airteagal 5(1), an dara fomhír
Airteagal 5(2)	Airteagal 5(2), an chéad fhomhír
–	Airteagal 5(2), an dara fomhír, an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír

Treoir 2013/33/AE	An Treoir seo
Airteagal 6(1) go (4)	Airteagal 6(1)
Airteagal 6(5)	Airteagal 6(3)
Airteagal 6(6)	Airteagal 6(2)
Airteagal 7(1)	Airteagal 7(1), (2) agus (3) agus Airteagal 8(3)
–	Airteagal 7(5) agus (7)
Airteagal 7(2)	Airteagal 9(1), an chéad fhomhír agus Airteagal 8(2), an chéad fhomhír
–	Airteagal 8(1), Airteagal 8(2), an dara fhomhír, agus Airteagal 8(4), (6) agus (7)
–	Airteagal 9(1), an dara fhomhír
–	Airteagal 9(2)
Airteagal 7(3)	Airteagal 7(4)
Airteagal 7(4)	Airteagal 8(5) agus Airteagal 9(3)
Airteagal 7(5)	Airteagal 7(6)
–	Airteagal 9(4) agus (5)
Airteagal 8(1) agus (2)	Airteagal 10(1) agus (2)
–	Airteagal 10(3)
Airteagal 8(3), pointí (a) agus (b)	Airteagal 10(4), pointí (a) agus (b)
–	Airteagal 10(4), pointe (c)
Airteagal 8(3), pointe (c)	Airteagal 10(4), pointe (d)
Airteagal 8(3), pointe (d)	Airteagal 10(4), pointe (e)
Airteagal 8(3), pointe (e)	Airteagal 10(4), pointe (f)
Airteagal 8(3), pointe (f)	Airteagal 10(4), pointe (g)
Airteagal 8(3), an dara fhomhír	Airteagal 10(4), an dara fhomhír
Airteagal 8(4)	Airteagal 10(5)

Treoir 2013/33/AE	An Treoir seo
Airteagal 9	Airteagal 11
Airteagal 10	Airteagal 12
Airteagal 11	Airteagal 13
Airteagal 12	Airteagal 14
Airteagal 13	Airteagal 15
Airteagal 14	Airteagal 16
Airteagal 15(1)	Airteagal 17(1), an chéad fhomhír
–	Airteagal 17(1), an dara fomhír
Airteagal 15(2)	Airteagal 17(2)
–	Airteagal 17(4) go (8)
Airteagal 15(3)	Airteagal 17(9)
–	Airteagal 18
Airteagal 16	–
Airteagal 17(1) go (4)	Airteagal 19(1) go (5)
–	Airteagal 19(6)
Airteagal 17(5)	Airteagal 19(7)
Airteagal 18(1) go (8)	Airteagal 20(1) go (4) agus (6) go (9)
–	Airteagal 20(5)
Airteagal 18(9), an chéad fhomhír agus an dara fomhír	Airteagal 20(10), an chéad fhomhír agus an dara fomhír
–	Airteagal 20(10), an tríú fomhír
–	Airteagal 21
Airteagal 19	Airteagal 22(1) agus (3)
–	Airteagal 22(2)
Airteagal 20, an fhoclaíocht tosaigh	Airteagal 23(1)

Treoir 2013/33/AE	An Treoir seo
Airteagal 20(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c)	Airteagal 23(2), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c)
–	Airteagal 23(2), an chéad fhomhír, pointí (e) agus (f)
Airteagal 20(1), an dara fhomhír	Airteagal 20(3)
Airteagal 20(2)	–
Airteagal 20(3)	Airteagal 23(2), an chéad fhomhír, pointe (d)
Airteagal 20(4)	–
Airteagal 20(5)	Airteagal 23(4)
Airteagal 20(6)	Airteagal 23(5)
Airteagal 21	Airteagal 24
Airteagal 22(1)	Airteagal 25(1)
–	Airteagal 25(2)
Airteagal 22(2), (3) agus (4)	Airteagal 25(3), (4) agus (5)
Airteagal 23(1) go (5)	Airteagal 26(1) go (5)
Airteagal 24(1), an chéad fhomhír	Airteagal 27(1), an chéad fhomhír, agus Airteagal 27(6)
Airteagal 24(1), an dara fhomhír	–
–	Airteagal 27(1), an dara fhomhír go dtí an t-ochtú fhomhír, agus Airteagal 27(2) go (5), (7) agus (8)
Airteagal 24(2) agus (3)	Airteagal 27(9) agus (10)
Airteagal 24(4)	Airteagal 26(6)
Airteagal 25	Airteagal 28
Airteagal 26	Airteagal 29
Airteagal 27	Airteagal 30
Airteagal 28	Airteagal 31

Treoir 2013/33/AE	An Treoir seo
–	Airteagal 32
Airteagal 29	Airteagal 33
Airteagal 30(1) agus (2)	Airteagal 34
Airteagal 30(3)	–
Airteagal 31	Airteagal 35
Airteagal 32	Airteagal 36
Airteagal 33(1)	Airteagal 37
Airteagal 33(2)	–
Airteagal 34	Airteagal 38
Iarscríbhinn I	–
Iarscríbhinn II	Iarscríbhinn I
Iarscríbhinn III	Iarscríbhinn II